In ainneoin an laghdaithe a tháinig ar ráta athnuachana 2011 anuas go dtí 47%, léiríonn an tábla thuas gur sheach-chur méid na gceadúnas céaduaire an laghdú ar na ceadúnais nach ndearnadh a athnuachan. Faoi dheireadh na bliana, sháraigh líon na gceadúnas arna eisiúint an líon ceadúnas nach ndearnadh a athnuachan faoi 1,910.

Tarlóidh an tréimhse athnuachana is gnóthaí sa chóras ceadúnais dhá bhliain in Eanáir agus i bhFeabhra 2012 agus tá iarratais á bhfáil againn le haghaidh athnuachan cheadúnais 2012 ó Dheireadh Fómhair i leith. Ar an iomlán, fuarthas 12,179 iarratas ar cheadúnas in 2011, ina raibh 5,475 iarratas céaduaire agus 6,704 iarratas athnuachana.

B'ann do mhéadú suntasach ar an líon iarratas a diúltáodh tar éis iad a fháil mar gheall gur theip ar iarratasóirí an cháipéisíocht uile riachtanach a sheoladh lena n-iarratas. Diúltáodh breis agus 2,700 iarratas in 2011, i gcomparáid le 698 in 2010. Ba í an chúis a bhí leis seo forfheidhmiú níos déine nósanna imeachta ag an Údarás agus cé gur eascair méadú ar an líon iarratas arna dhiúltú as seo, chuir sé le feabhas foriomlán a chur ar amanna próiseála agus le laghdú a chur ar an líon iarratas atá idir lámha tráth dheireadh na bliana.

## Próiseáil larratais in 2011

	larratais
Iarratais idir lámha amhail an 01/01/2011	1,981
Iarratais arna bhFáil in 2011	12,179
Iarratais arna gCríochnú	13,356
Iarratais idir lámha amhail an 31/12/2011 <i>As a raibh:</i> <i>Iarratais Chríochnaithe:</i> 752 <i>Iarratais Neamhionnlána:</i> 52	804

Ó Bhealtaine 2010, déantar gach foirm iarratais aonair a scanadh agus déanann soláthróir seachfhoinsithe seirbhíse sonraí a bhailiú. Ina theannta sin, eisíonn an soláthróir seirbhíse litreacha aitheantais d'iarratasóirí céaduaire ar ár son. D'éascaigh an tseirbhís sheachfhoinsithe athchumraíocht ár nósanna imeachta inmhéánacha agus chuir sí go mór lenár n-amanna feabhsaithe próiseála mar aon le feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí.

Bíonn mórthionchar ag amanna próiseála na n-iarratas céaduaire ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin. I Samhain 2010, chistigh an tÚdarás earcú ball foirne amháin sealadach in Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar feadh tréimhse shé mhí. De bharr na hinfheistíochta seo, b'ídir 19 agus 45 lá na hamanna grinnfhiosrúcháin i gcomparáid le idir 43 agus 94 lá in 2010. Mar gheall ar rath an tionscnamh seo, síneadh an conradh don bhall foirne ar feadh 6 mhí go dtí Samhain 2011. Ní raibh fáil ar acmhainní chun an tionscnamh a shíneadh thar Shamhain 2011 agus tá an tÚdarás i mbun plé a dhéanamh ar bhearta eile leis an Aonad Grinnfhiosrúcháin.

Mar thoradh ar na bearta, thit na meánamanna próiseála d'iarratais chéaduaire ó 76 lá in 2010 go dtí 41 lá in 2011 agus thit na hamanna próiseála ó 14 lá in 2010 go dtí 7 lá in 2011. Is ionann anois an comh-mheánam próiseála agus 23 lá, leath mheán 2010.

D'eisigh an rannán 377 ceadúnas agus cárta aitheantais dúblach in 2011, ar laghdú 30 é seo ar fhigiúr 2010. Ó Bhealtaine 2011, tá táille €20 á gearradh ag an Údarás chun cáipéisí dúblacha a eisiúint agus tá fáltais €3,020 tar éis eascairt as seo in 2011.

## Stádas na iarratas ó Chonraitheoirí Aonair a Fuarthas amhail an 31 Nollaig 2011

STÁDAS AN IARRATAIS	DOIRSEOIR	GARDA SLÁNDÁLA (STATACH)	IOMLÁN
Ceadúnais arna Eisiúint	10,261	21,577	31,838
Diúltaithe	1,374	3,815	5,189
Arna Chúlghairm ag an PSA	13	18	31
Aistarraingthe	117	213	330
Iarratas arna Chealú	20	38	58
Curtha ar Fionraí	5	4	9
Neamhiomlán	28	42	70
Críochnaithe	388	594	982
<b>Iomlán</b>	<b>12,206</b>	<b>26,301</b>	<b>38,507</b>

Tagraíonn líonta na n-iarratas agus na gceadúnas d'iarratais a fuarthas nó do cheadúnais a eisíodh de réir conraitheoir aonair agus earnála. Má rinne conraitheoirí aonair iarratas ar bheis agus earnáil amháin nó má eisíodh ceadúnas dóibh do bheis agus earnáil amháin, déantar iad a chomhaireamh breis agus uair amháin. Ní áirítear sonraí faoi cheadúnais atá éagtha.

### Cúlghairmeacha agus Cur ar Fionraí

Is gné thábhachtach den cheadúnú monatóireacht a dhéanamh ar shealbhóirí ceadúnais i rith théarma an cheadúnais. Sa chás go mbíonn an tÚdarás feasach gur sháraigh sealbhóir ceadúnais riachtanais cheadúnaithe, féadfaidh siad ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm. In 2011, rinneadh ceadúnais naonúir a chur ar fionraí mar gheall gur sháraigh siad rialacháin cheadúnaithe, agus rinneadh 7 gceadúnas a chúlghairm mar gheall ar shaincheisteanna lenar bhain an choiriúlacht.

### Diúltú agus Achomhairc

Dhiúltaih an rannán 99 iarratas aonair in 2011, i gcomparáid le 158 iarratas in 2010 agus 1,714 in 2009. Amhail 2009, ba í an phríomhchúis a bhí le hiarratas a dhiúltú Alt 22(3)(a)(i) (duine neamhoiriúnach agus neamhchuí chun seirbhís slándála a sholáthar) agus bhí 77% den diúltú mar gheall air seo, ar méadú seo aníos ó 56% in 2010. Bhain an chuid ba mhó de na cásanna seo le ciontuithe coiriúla nó cásanna cúirte a bhí ar feitheamh.

Rinneadh 21 achomharc i leith chinneadh an Údaráis chun diúltú do cheadúnas a dheonú i gcoinne Bhord Achromhairc na Slándála Príobháidí le linn na bliana, mar aon le 3 achomharc i leith cinntí chun ceadúnais a chúlghairm agus 3 chás i leith chinntí chun ceadúnas a chur ar fionraí. Rinneadh 295 achomharc ar an iomlán i leith ó cuireadh tús le ceadúnú agus ag deireadh na bliana, bhí 32 achomharc ar feitheamh cinnidh ag an mBord Achromhairc.

### **Stádas Achromharc Aonair amhail an 31/12/2011**

Achromharc arna gCur ar Aghaidh	295
Seasadh leis an gCinneadh	95
Cuireadh an Cinneadh ar Ceal	167
Ag fanacht le Toradh	32

## **Sprioc 2: Comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú**

Lean an PSA lena gcumhachtaí uile a úsáid in 2011 chun a bhfeidhm forfheidhmithe a chomhlíonadh, amhail a leagtar amach i Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise 2011-2013 an PSA. Chomhlíon siad a bhfeidhm trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ceadúnaithe agus a théann i mbun gníomhaíochta i leith iad siúd a sháraíonn na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. D'éirigh leis an PSA 10 n-ionchúiseamh rathúla a thabhairt a fhad leis na cúirteanna in 2011.

Rinne oibríochtaí forfheidhmithe sprioc de dhaoine aonair, conraitheoirí agus claint agus is éard a bhí i gceist leis an sárú:

- na conraitheoirí agus na daoine siúd a chuireann seirbhísí neamhcheadúnaithe slándála ar fáil;
- na daoine siúd a fhostaíonn soláthróirí slándála neamhcheadúnaithe, lena n-áirítear daoine aonair;
- na daoine siúd atá ceadúnaithe le cinntiú go bhfuil na ceadúnaithe ag feidhmiú laistigh de shainchúram a gceadúnais agus iad ag cloí leis na caighdeáin chuí.
- na daoine siúd nach gcomhlíonann na ceanglais um Shuaitheantas Aitheantais

D'oibrigh an PSA go dlúth leis an tionscal slándála príobháidí, an Garda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile stáit agus iad ag tabhairt faoina bhfeidhm forfheidhmithe. Ina theannta sin, thug siad faoina measúnú féin inmheánach ar chásanna, saincheisteanna agus earnálacha áirithe. Chuir toradh na measúnuithe siúd neart faoi go leor obair oibríochtúil forfheidhmithe i rith 2011. Leanann tuairisciú soláthróirí neamhcheadúnaithe slándála agus sáruithe ar choinníollacha ceadúnaithe bheith mar uirlis fhíor-fhiúntach maidir le sprioc a dhéanamh díobh siúd atá ag oibriú in aghaidh an dlí nó lasmuigh de théarmaí a gceadúnais.

### **Faisnéis**

Leanann faisnéis ón tionscal ar aghaidh a bheith ina príomhchúnamh leis an Údarás maidir le sprioc a dhéanamh dá gcuid acmhainní. Tá fáil faisnéise mionsonraithe agus sonraithe ríthábhachtach maidir le cabhrú le hobair imscrúdaitheach an Údarás. As na 524 píosa d'faisnéis a fuarthas ar fud an uile earnála, d'eascair cruthú cásanna forfheidhmithe nó cásanna forfheidhmithe a nascadh le cásanna reatha agus iad a imscrídú, as 351 díobh. Níl imscrídú á dhéanamh ar 173 píosa faisnéise de bharr nár dhóthain an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an ceadúnas ag an gconraitheoir agus gurbh é sin bunús na faisnéise. Chruthaigh earnáil na Suiteálaithe Aláram an méid ba mhó d'faisnéis (217 píosa), agus bhí earnáil na

nDoirseoirí ina dhiaidh sin (154) mar aon le Gardáil Slándála (124). Laghdú atá sna 524 tuairisc faisnéise a fuarthas le linn 2011 ón 606 a fuarthas in 2010, agus is í earnáil na suiteálaithe aláram a chruthaíonn an líon is airde de thuairiscí sa dá bhliain.

### Tuairiscí Faisnéise 2011 arna bhfáil de réir Earnála agus Stádais

Stádas	Doirseoir	Garda Slándála (Monatóireacht)	Garda Slándála (Statach)	Suiteálaí (Aláraim Ionraíd)h	lomlán
Nascha le Cás/Álmscrúdú 2010 ()	100 (121)	18 (18)	77 (112)	156 (172)	351 (423)
Gan bheith álmscrúdú <sup>1</sup> 2010 ()	54 (59)	11 (18)	47 (57)	61 (49)	173 (183)
lomlán	154 (180)	29 (36)	124 (169)	217 (221)	524 (606)

<sup>1</sup> Ciallaíonn 'Gan bheith álmscrúdú' nár dhóthain an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an ceadúnas ag an gconraitheoir/duine aonair agus gurbh é sin bunús na ffaisnéise a soláthraíodh.

### Bainistíocht Cás

Déantar athbhreithniú gníomhach ar an uile chás a bhíonn ar oscailt ar feadh breis agus trí mhí. Leagtar amach sa chaint a leanas an suíomh i ndáil le gluaiseachtaí an uile bheocháis amhail an 31 Nollaig 2011:

	2009	2010	2011
<b>Arna dhéileáil</b>	1623	1949	1304
<b>Beochás</b>	0	19	260
	1623	1968	1564

Déanann Cigírí an PSA athbhreithniú leanúnach ar chásanna d'fhoínn a chinntíú go dtugtar cásanna go dtí mearchoincliúide. Tá beagán le cois 7% de na beochásanna ar siúl breis agus 12 mhí, ní dhúnfaidh an PSA cás nó go bhfuil siad sásta go ndeachthas i mbun gach beart réasúnta chun na saincheisteanna a imscrúdú agus a réiteach. Tá líon de na beochásanna a

bhí ar bun roimhe seo os comhair Bhord Achromhirc na Slándála Príobháidí. Leagtar amach sa tábla a leanas miondealú ar na beochásanna amhail an 31 Nollaig 2011:

Earnáil	Saghais	Stádas		Iomlán
		Imscrúdú ar bun	Arna chur faoi bhráid na nósanna imeachta ionchúisimh	
Doirseoir	Fostaí	50	0	50
	Ciant	45	1	46
	Conraitheoir	18	0	18
Garda Slándála (Monatóireacht)	Conraitheoir	10	0	10
Garda Slándála (Statach)	Fostaí	12	0	12
	Ciant	41	0	41
	Conraitheoir	36	0	36
Suiteálaí (Aláraim Ionraíd)h	Ciant	26	0	26
	Conraitheoir	39	1	40
Iomlán				279

### Comhlíonadh Conraitheora – Monatóireacht an PSA

Lean an fheidhm forfheidmithe i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar chonraitheoirí ceadúnaithe a bheith ina síniú tábhachtach i rith 2011. Tugadh faoi imscrúduithe ar 88 ceadúnaí d'fhonn a chinntíú go raibh siad ag oibriú laistigh de shainchúram an cheadúnais ar deonaíodh dóibh agus gur chomhlíon siad coinníollacha an chaighdeáin agus ceanglais eile a leagadh amach don cheadúnas sin. Sa mhullach air sin, tugadh faoi 10 n-imscrúdú réamhcheadúnaithe ar chonraitheoirí.

Bhain na príomhshaincheisteanna neamhchomhlíonta le comhlíonadh cánach, sciathadh foirne, oiliúint foirne, treoracha sannta agus sláinte agus sábhálteacht. Níl íocaíocht rátaí Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ERO) san earnáil gardáil slándála ina saincheist chomh mór sin a thuilleadh ón mBreithiúnas Cúirte ar EROanna. Léirigh na torthaí go raibh saincheisteanna móra neamhchomhlíonta ann i measc 20% de na Conraitheoirí beaga ag a raibh níos lú ná 50 festaí, i.e. go gcuirfeadh saincheist bac ar an gconraitheoir ó Theastas IS999 a fháil agus bheith ceadúnaithe. Léiríonn seo laghdú suntasach, áfach, ar an 37% ar aimsíodh go raibh mór-neamhchomhlíonadh ar bun acu sa chatagóir chéanna in 2010.

Sa chás nach bhfuil an Conraitheoir ach ina Chonraitheoir DSP amháin, is ann do níos lú saincheisteanna neamhchomhlíonta mar gheall go bhfuil mórchuid daoine atá ag oibriú san

earnáil seo ina n-oibrithe intí agus is ann do níos lú gluaiseachta i measc conraitheoirí etc. Anuas air sin, is gnách go n-íocatar rátaí níos airde ná na rátaí riachtanacha leis an bhfoireann mar gheall ar chineál agus uaireanta na hoibre.

Cé gur deimhníodh go raibh líon ceadúnaithe comhlíontach, eisíodh iomardaithe, foláirimh, rabhaidh agus comhairle i leith ceadúnaithe sa chás gur thángthas ar neamhchloí. Ceanglaíonn an próiseas seo go rachfar i mbun beart ceartaithe. Cinntíonn an athleanúint ag an PSA go bhfuil gach conraitheoir ag oibriú i leith na dtéarmaí céanna agus go bhfuil an cliant agus an pobal faoi choisaint sa mhéid go bhfuil an tseirbhís á seachadadh i leith na gcaighdeán a leagann an PSA síos.

Maidir le himscrúduithe réamhcheadúnaithe faoinar tugadh ar 10 gconraitheoir, deimhníodh go raibh triúr díobh comhlíontach leis na riachtanais cheadúnaithe, bhí neamhchloí ann i measc cúigear díobh a rinne a réiteach agus tugadh ceadúnas dóibh ina dhiaidh sin agus tá neamhchomhlíonadh i measc beirt chonraitheoirí neamhchloí nár réitíodh go fóill.

Ligfidh torthaí imscrúduithe ar bheis agus 200 conraitheoir le dhá bhliain anuas don PSA toradh na n-imscrúduithe a úsáid chun aistriú go dtí oibríochtaí níos riosca-bhunaithe in 2012. Tá an PSA ag gluaiseacht i dtreo níos mó próifíliú riosca a dhéanamh ar chonraitheoirí chun sprioc a dhéanamh dá n-acmhainní ar bhealach éifeachtach. Úsáidfidh an PSA faisnéis a fhaightear ó fhoinsí iomadúla chun cabhrú le próifíliú, lena n-áirítear faisnéis óna n-imscrúduithe féin, faisnéis ó na Coimisinéirí loncaim, faisnéis atá á cur ar aghaidh ag na Comhlachtaí Deimhnithe agus faisnéis ó fhoinsí eile.

### **Smachtbhannaí foirmiúla i leith Ceadúnaithe Conraitheora**

Le linn 2011, mar thoradh ar na himscrúduithe ar chonraitheoirí ceadúnaithe agus ar obair forfheidhmithe eile, chuir an tÚdarás túis leis na gníomhartha a leanas faoi Alt 26 i leith ceadúnaithe conraitheora:

Cur ar Fionraí	3
Diúltú	2
Ceadúnas arna eisiúint le hlomardú	1
Foláireamh	18
Rabhadh	24
Comhairle	15

(Féadfaidh na figiúirí seo athrú uathu siúd atá liostáilte sa tuarascáil torthaí deimhnithe mar gheall go raibh roinnt de na cásanna thuas fós ar bun agus gur cuireadh túis le cuid de na cásanna torthaí deimhnithe roimh 2011)

## Cásanna Conraitheora arna gcur i gcrích de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích

An Chúis leis an gCur i gCrích	DSP	SGM	GS	IA	CIT	Total
Saincheisteanna larimscrúdaithe/larfhiorsúcháin arna gCur i gCrích	14	27	27	37	1	106
Saincheisteanna larimscrúdaithe arna Réiteach: Foláireamh arna Eisiúint	2	0	15	0	0	17
Saincheisteanna larimscrúdaithe arna Réiteach: Rabhadh arna Eisiúint	1	3	17	0	0	21
Saincheisteanna larimscrúdaithe arna Réiteach: Comhairle arna hEisiúint	3	2	11	1	0	17
Gearán i ndiaidh Imscrúdú ar Thaifid	0	0	8	1	0	9
Ceadúnas arna Chúlghairm	0	0	1	2	0	3
Diúltaiodh larratas ar Cheadúnas – Fógra Alt 39 arna Eisiúint	0	0	2	2	0	4
Ceadúnas arna Chur ar Fionraí tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	1	0	1	0	0	2
Ceadúnas arna Dhiúltú tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	1	0	0	1	0	2
Ceadúnas arna Mholadh tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	3	1	8	31	0	43
Ionchúiseamh Bainte Amach	1	0	4	1	0	6
Níor Cuireadh Tús leis an ionchúiseamh	0	0	2	5	0	7
Theip ar an ionchúiseamh	0	0	0	2	0	2
Níltear ag Oibriú/Trádáil a Thuilleadh	11	2	26	82	0	121
Ceadúnaithe	7	0	18	28	0	53
Cuimsithe ag Ordú Díolúine	0	0	0	4	0	4
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe	2	1	7	18	3	36*
Níor leanadh ar aghaidh leis an nGearán faoi Alt 39	2	1	6	3	0	12
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnu	3	0	2	26	0	31
<b>Total</b>						496

\*Áirítear leis an bhfigír earnálacha eile nach raibh incheadúnaithe tráth imscrúdaithe

As na cásanna a dúnadh in 2011, b'ann do 55 cás conraitheora inar réitíodh saincheisteanna iarimscrúdaithe agus ina ndearnadh Alt 26 a ghairm. B'ionann an figír comparáideach le haghaidh 2010 agus 57. Leanfaidh an PSA leis na gníomhartha sin a eisiúint in 2012 sa chás cuí.

## Cásanna Conraitheoir Doirseora

D'éirigh leis an PSA conraitheoir amháin neamhcheadúnaithe san earnáil a ionchúiseamh i rith 2011. Tá 114 beochás ar bun san earnáil seo, agus baineann 50 díobh le daoine aonair, baineann 45 díobh le claint agus baineann 18 díobh le conraitheoirí. Tá cás amháin claint arna chur ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh. As na cásanna a dúnadh le linn 2011 san earnáil, chuir seisear cliant deireadh leis an gconradh de chonraitheoirí neamhcheadúnaithe agus níl 11 chonraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh. In 20 cás, réitíodh saincheisteanna

iariniúchta/iarimscrúdaithe. B'ionann na figiúirí comparáideacha in 2010: Rinne 12 chliant conarthaí a chur chun deiridh, níl 21 i mbun oibriú a thuilleadh agus bhí 42 cás ann inar réitíodh saincheisteanna iariniúchta/iarimscrúdaithe.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

### **Slándail “á heagrú” ag stiúrthóir ag líon ionad lasmuigh de cheadúnas conraitheoir doirseora**

- Tar éis imscrúduithe aonair comhlíonta a dhéanamh i limistéar ar leith, sainaithníodh go raibh slándáil dorais á heagrú ag duine aonair ag líon ionad. Ba stiúrthóir cuideachta ceadúnaithe slándála an duine a sainaithníodh.
- Níorbh eol go raibh na hionaid mar chliaint ag cuideachta an duine.
- Rinneadh imscrúdú foirmiúil ar na hionaid agus tugadh faoi bhrefis iniúchtaí leis na Coimisinéirí loncaim.
- Ní dhearna an conraitheoir ceadúnas na cuideachta a athnuachan in 2011.
- Tugadh faoi imscrúduithe ar ionaid ina dhiaidh sin. Deimhníodh go raibh na soláthróirí slándála ina gconraitheoirí ceadúnaithe.
- Níl an conraitheoir nó an duine aonair i mbun oibriú a thuilleadh.

### **Daoine Aonair Neamhcheadúnaithe arna n-úsáid ag conraitheoir san earnáil doirseoirí**

- Aimsíodh conraitheoir ceadúnaithe le linn mórobair iniúchta i samhradh 2011 agus pearsanra in úsáid nach raibh ceadúnas acu agus tugadh ainm agus dáta breithe duine eile don PSA a bhí in ainm bheith ag oibriú.
- Tugadh saincheist chun solais láithreach leis an gconraitheoir a thug freagra don PSA go dtabharfaidís faoi imscrúdú.
- Deimhníodh in obair iniúchta faoinar tugadh dá éis sin go raibh gardaí statacha in úsáid ag áitreabh ceadúnaithe agus go raibh maoirseoir líomhnaithe ann chun a fhoreann féin neamhcheadúnaithe a thabhairt isteach chun oibriú ag áitreabh ceadúnaithe.
- Thug an PSA faoi iniúchadh imscrúdaithe agus deimhníodh nár chomhlíon an conraitheoir i gceart gné DSP an ghnó, nach raibh siad cinnte cé a d'oibrigh dóibh mar dhoirseoir agus nach raibh siad cinnte cén claint DSP a bhí acu.
- Tá an cás ar bun go fóill agus eisíodh foláireamh foirmiúil don chonraitheoir.

## **Imscrúdú ar ionad doirseoírí intí le cúnamh an Gharda Síochána.**

- Cuireadh tús le cás tar éis comhiniúchadh a dhéanamh ar áitreabh ceadúnaithe faoinar thug an PSA agus an Garda Síochána.
- Deimhníodh nár bhinghlactha don leibhéal comhlíonta maidir le Suaitheantas Aitheantais a chaitheamh san áitreabh – ní raibh suaitheantas aitheantais á chaitheamh ach ag doirseoir amháin i measc an tseachtair dhoirseoírí a bhí ar dualgas.
- Thug an PSA foláirimh fhoirmiúla do dhaoine aonair ceadúnaithe.
- Eisíodh iarratas ar fhaisnéis don ionad d'fhoinn stádas fostáiochta a dheimhniú mar aon le tiomantas do chomhlíonadh cheanglas an tSuaitheantas Aitheantais.
- Deimhníodh stádas fostáiochta agus tiomantas don suaitheantas aitheantais.

## **Cásanna eile lenar bhain comhoibriú le gníomhaireachtaí eile stáit**

- D'eascair ionchúiseamh conraitheoir doirseora as iniúchadh comhordaithe de chuid na gCoimisinéirí loncaim/an PSA ar Áitreabh Ceadúnaithe i nGaillimh.
- D'eascair lón cásanna d'íocaíochtaí airgid gan taifead le foireann slándáil dorais as sraith iniúchtaí comhordaithe le hAonad Scáthgheilleagair na gCoimisinéirí loncaim.
- D'eascair réiteach cás ionchúisimh i leith úinéir club oíche mar gheall ar foireann neamhheadúnaithe slándáil dorais as iniúchadh comhordaithe leis an nGarda Síochána.

## **Cásanna um Chonraitheoir Gardáil Slándála**

D'éirigh leis an PSA triúr conraitheoirí neamhheadúnaithe san earnáil a ionchúiseamh i rith 2011. Tá 89 beochás ar bun san earnáil seo, agus baineann 36 díobh le daoine aonair, baineann 41 díobh le claint agus baineann 12 díobh le daoine aonair. As na cásanna a dúnadh san earnáil seo, chuir seisear cliant deireadh leis an gconradh de chonraitheoirí neamhheadúnaithe agus níl 26 conraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh. I 70 cás, réitíodh saincheisteanna iariniúchta/iarimscrúdaithe. B'ionann na figiúirí comparáideacha in 2010: Rinne 46 cliant conarthaí a chur chun deiridh, níl 51 i mbun oibriú a thuilleadh agus bhí 34 cás ann inar réitíodh saincheisteanna iariniúchta. Mar thoradh air sin, caitheadh níos mó ama lena chinntiú gur réitíodh saincheisteanna go hiomlán.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar ar tháinig an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

**Aimsíodh mór-neamhchomhlíonadh iomadúil le linn iniúchadh um rialú cálíochta a rinneadh ar chonraitheoir ceadúnaithe san earnáil gardáil slándála.**

- Tugadh cuairt ar an gconraitheoir ceadúnaithe d'fhonn iniúchadh um rialú cálíochta a dhéanamh air.
- Deimhníodh go raibh líon mór neamh-chomhlíonta i leith chaighdeán an tionscail ag an gconraitheoir áirithe seo 4 bliana tar éis gur cuireadh tú le ceadúnú conraitheoirí.
- Bhí an neamhchomhlíonadh seo chomh dona sin go bhféadfadh gur baineadh de reáchtáil laethúil an ghnó.
- Ó cuireadh tú le ceadúnú conraitheoirí, thug a Chomhlacht Deimhnithe 3 chuairt ar an gconraitheoir seo, ach fós féin in Eanáir 2011, bhí sé an-neamhchomhlíontach i líon príomhlimistéar de chaighdeán an tionscail agus de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí dá thairbhe sin.
- Chuathas i mbun gníomhaíocht fhoirmiúil i leith an chonraitheora agus cuireadh tú le tréimhse mhonatóireachta agus tá barántas tugtha go ndéanfaidh an PSA iniúchadh bliantúil air.

**Ionchúiseamh conraitheoir neamhcheadúnaithe garda slándála (statach)**

- Cuireadh tú leis an gcás tar éis faisnéis a fháil a thug le fios go raibh seirbhísí garda slándála á soláthar ag conraitheoir neamhcheadúnaithe.
- Deimhníodh, tar éis cuairt a thabhairt ar an suíomh, go raibh soláthar neamhcheadúnaithe seirbhísí garda slándála ar bun mar aon le sonraí teaghála an chonraitheora neamhcheadúnaithe.
- Fuarthas faisnéis ó na Coimisinéirí loncaim de bhun an Mheabhráin Tuisceana idir na Coimisinéirí loncaim agus PSA.
- Réitíodh an cás lena ionchúiseamh, agus fuarthas sonraisc agus nótaí comhfhereagracha íocaíochta.
- Cuireadh an cás faoi bhráid Aturnaetha an PSA agus rinneadh an conraitheoir neamhcheadúnaithe garda slándála (statach) a ionchúiseamh. Gearradh fineálacha €22,500.

**Cuireann cliant seirbhísí conraitheoir neamhcheadúnaithe garda slándála chun deiridh**

- Cuireadh tú le cás i ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh claint.
- Fuarthas sonraisc agus nótaí comhfhereagracha íocaíochta.

- Tar éis fógra foirmiúil i leith forálacha reachtaíochta a thabhairt, chuir an cliant deireadh le conradh conraitheora neamhcheadúnaithe láithreach agus dheimhnigh sé aitheantas conraitheoir nua ceadúnaithe garda slándála (statach).

### **Aimsíodh nár íoc conraitheoir ceadúnaithe san earnáil gardáil slándála pá le fostaithe**

- Fuarhas roinnt gearán a chur i gcoinne conraitheoir ceadúnaithe nár íoc sé na páenna cearta le fostaithe.
- Láimhseáladh na gearáin faoin nós imeachta foirmiúil reachtúil.
- Mhaígh an conraitheoir gur baineadh aon cheanglas de aon phánna a íoc i bhfianaise chinneadh na hArd-Chúirte a mheas go raibh meicníocht socraithe páenna an ERO neamhbhunreachtúil.
- Chuaigh an PSA i ngleic leis na gearáin dá ainneoin sin ar an bhforas gur chorpraigh an ERO an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta etc. atá i bhfeidhm go fóill.
- Tá an t-Imscrúdú ar bun go fóill.

### **Eisíodh iomardú d'fhostaí garda ceadúnaithe slándála (statach)**

- Cruthaíodh an cás tar éis imscrúdú a dhéanamh ar láthair an chliaint sa chás gur sainaithníodh duine aonair neamhcheadúnaithe.
- Rinne an tÚdarás an duine aonair i gceist a cheadúnú mar fhostaí garda slándála (statach) ach rinneadh an ceadúnas seo a chúlghairm roimhe sin mar gheall ar neamhíocaíocht na táille riachtanaí ceadúnais (d'ob an seic).
- Rinne an duine aonair athiarratas ar cheadúnas fostáí garda ceadúnaithe slándála (statach) agus eisíodh an ceadúnas.
- Eisíodh iomardú de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 do dhuine aonair a chuir seirbhís ar fáil gan cheadúnas.

### **Cásanna Aláraim Ionraídh**

B'uirlis thábhachtach faisnéis maidir leis an dá imscrúdú a chur chun cinn ar an mbeirt oibreoirí neamhcheadúnaithe agus ar a gcliaint agus rinneadh sprioc d'aon chonraitheoirí nach ndearna a gceadúnas a athnuachan i rith na bliana. Baineadh ionchúiseamh amháin rathúil amach san earnáil seo. Scríobh an PSA chuig gach ionad monatóireachta ag lorg sonraí faoi naisc. Rinneadh na sonraí a chros-seiceáil i leith an bhunachair shonraí ceadúnaithe agus rinneadh aon ghníomhaíochtaí neamhcheadúnaithe a imscrúdú.

San earnáil Suiteálaíthe Aláram, tá 66 beochás ar bun faoi láthair agus baineann 39 díobh seo le conraitheoir agus 26 le claint. Cuireadh cás amháin ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh.

Léiríonn figiúirí a bhaineann le cásanna ar déileáladh leo san earnáil suiteálaithe Aláram nach raibh an conraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh i 82 de na cásanna, agus go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir i 28 de na cásanna. I 26 cás, bhí an fhaisnéis neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú. B'ionann na figiúirí comparáideacha in 2010: ní raibh 62 ag oibriú a thuilleadh, bhí ceadúnas ag conraitheoirí i 36 de na cásanna agus níor leor an fhaisnéis i 172 cás. Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

### **Ní féidir le claint teagmháil a dhéanamh a thuilleadh le suiteálaí neamhcheadúnaithe aláram.**

- Rinneadh imscrúdú ar líon suiteálaithe ag suiteálaí neamhcheadúnaithe ag eastát áirithe tithíochta.
- Is iad torthaí an imscrúdaithe go bhfuil na suiteálacha thart ar thrí bliana d'aois agus nár eisíodh aon chápéisíocht tacaíochta do na claint.
- Ní raibh na claint in ann aon teagmháil a dhéanamh leis an suiteálaí.
- Tá fianaise neamhdhóthanach ann chun ionchúiseamh a dhéanamh. Rinneadh teagmháil fhoirmiúil leis an suiteálaí i ndiaidh dhátaí na suiteálacha.
- Cuireadh ar an eolas go foirmiúil claint maidir le suiteálaí neamhcheadúnaithe a úsáid.
- Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ar ghníomhaíochtaí an chonraitheora féachaint an bhfuil aon ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe i gceist.

### **Imscrúdú ar shuiteáil líomhnaithe neamhdhleathach a dheimhnítear nach bhfuil ina ghníomhaíocht incheadúnaithe.**

- Cruthaíodh an cás tar éis faisinéis a fháil a thug le tuiscint gur shuiteáil suiteálaí sonrach neamhcheadúnaithe neamhcheadúnaithe aláram ionraidh.
- Eisíodh don chliant a bhí i gceist iarratas ar fhaisinéis de bhun Alt 13 a d'iarr ar aitheantas an tsuiteálaí aláram ionraidh a shuiteáil an t-aláram, an dáta a suiteáladh an t-aláram, an sonrasc a fuarthas, an taifead íocaíochta a rinne an cliant, aitheantas an tsuiteálaí aláram ionraidh a dhéanann cothabháil ar an aláram faoi láthair agus ar shonraí an gharda slándála (ionad monatóireachta) a dhéanann monatóireacht ar an aláram faoi láthair.
- Fuarthas freagra ón gclaint faoi chaibidil, a luaigh gur suiteáladh an t-aláram ag an láthair in 2005 agus sula raibh ceanglas ar chonraitheoirí suiteálaí (aláram ionraidh) ceadúnas a fháil, ar an ábhar sin. Lean an cliant ar aghaidh leis an gconraitheoir suiteálaí (aláram ionraidh) a aithint a dhéanann an córas a chothabháil faoi láthair mar aon leis an ngarda ceadúnaithe slándála (ionad monatóireachta) a dhéanann monatóireacht ar an aláram faoi láthair.

- Tá ceadúnas ag an suiteálaí agus ag an ionad monatóireachta araon.

## **Monatóireacht Aláraim**

Is ann do 10 mbeochás faoi láthair san earnáil Garda Slándála (ionad monatóireachta). I rith 2011, tugadh faoi imscrúduithe ar ionaid mhonatóireachta aláraim (15) as ar eascraigheas 1 fholáireamh, 5 rabhadh agus 4 fhógra comhairle a eisiúint. Is í an phríomhshaincheist neamhchomhlíonta san earnáil sciathadh fostaithe.

Ina theannta sin, lorg an PSA faisnéis ó ionaid mhonatóireachta maidir le naisc nua aláraim a cuireadh faoina mbráid, agus rinneadh liostaí de chonraitheoirí aláraim a chros-seiceáil i leith an chláir cheadúnas.

## **Airgead faoi Bhealach**

Thug an fhoireann imscrúdaithe, le cúnamh ó chomhairleoirí, faoi imscrúduithe ar na conraitheoirí ceadúnaithe lena chinntiú go raibh na caighdeáin á mbaint amach acu atá mar bhonn agus taca le ceadúnú. Pléadh aon saincheisteanna a tháinig chun solais leis na cuideachtaí aonair. Chuir an PSA túis le hullmhú le haghaidh athnuachan ceadúnas in Aibreán 2012.

## **Comhlíonadh Aonair**

Le linn 2011, rinne lmscrúdaitheoirí an PSA sprioc de cheadúnú agus de chomhlíonadh aonair agus é ina cheanglas suaitheantais aitheantais a chaitheamh trí thabhairt faoi imscrúduithe ar áitreabh agus ionaid cheadúnaithe, áit a dtugtar faoi dhoirseoireacht agus gardáil slándála. Ar uairibh, bhí baill den Gharda Síochána ina dteannta. D'éirigh leis an PSA ceathrar daoine aonair a ionchúiseamh a deimhníodh a bhí ag oibriú gan cheadúnas. Tugadh faoi imscrúduithe istoíche, i gcaitheamh an lae agus le linn an deireadh seachtaine ar 940 áitreabh timpeall na tíre. Ba mhéadú seo ó na 850 áitreabh ar ar tugadh cuairt in 2010. Maidir leis na hionaid siúd ag a raibh slándáil: d'fhostaigh 430 díobh conraitheoirí a léirigh ráta comhlíontach nach mór 100% le ceadúnú conraitheora. Ar an iomlán, léirigh ceadúnú aonair don dá earnáil ráta comhlíonta 95.5%, ar fheabhsú seo ar ráta comhlíonta 91% 2010.

Deimhníodh gurbh ionann 98% agus comhlíonadh i measc daoine aonair maidir le bheith ceadúnaithe agus an ceanglas chun ceadúnas a iompar san earnáil GS, ar mhéadú é seo aníos ó ráta comhlíonta 95% 2010. San earnáil DSP, deimhníodh go raibh an ráta nach mór 95%, a léirigh méadú ón bhfigiúr 85% le haghaidh 2010.

Déanann Cigireacht an PSA an ceanglas chun suaitheantas aitheantais a chaitheamh a fhorfheidhmiú go dian. Le linn 2011, deimhníodh gurbh ionann an ráta comhlíonta maidir le suaitheantas aitheantais a chaitheamh san earnáil gardáil slándála agus 93%, ar mhéadú 4% é seo ó ráta comhlíonta 89% 2010. San earnáil doirseoirí, deimhníodh gurbh ionann ráta comhlíonta a tSuaitheantas Aitheantais agus nach mór 89%, a bhí ina mhéadú suntasach 20% ó ráta 69% 2010.

**Miondealú san Earnáil maidir le comhlíonadh A.37** (an ceanglas chun ceadúnas a bheith agat), **A.29** (an ceanglas chun ceadúnas a iompar), **A.30** (an ceanglas chun Suaitheantas Aitheantais a bheith á thaispeáint)

### Slándáil Dorais

Bliain	Ionaid le Slándáil	A.37 %	A.29 %	A.30 %
2011	524	94.8	94.5	88.7
2010	370	89.7	85	69

### Gardáil Slándála

Bliain	Ionaid le Slándáil	A.37 %	A.29 %	A.30 %
2011	257	97.6	98	93
2010	246	89.7	95	89

### Smachtbhannaí foirmiúla a eisíodh i leith daoine aonair

B'ionann an líon iomlán d'fhógraí Alt 26 a eisíodh do cheadúnaithe aonair i rith 2011 agus 256 (tá cuid díobh ina mbeochásanna go fóill). Seo laghdú ar fhigiúr 2010 (305), ach léirigh na rátaí comhlíonta méadú le linn 2011 dá réir sin. Le linn 2011, cuireadh tús le smachtbhannaí foirmiúla faoi Alt 26 den Acht i leith daoine aonair ceadúnaithe:

Iomardú	17
Foláireamh	210
Rabhadh	23
Comhairle	6

## Cásanna Daoine Aonair arna gcur i gcrích in 2011 de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích

Leagtar amach sa chaint a leanas na cásanna i leith daoine aonair a cuireadh i gcrích in 2011. Bhain an chuid ba mhó díobh le gníomhartha foirmiúla a ndeachthas ina mbun mar thoradh ar neamhchomhlíonadh caitheamh suaitheantas aitheantais nó saincheisteanna eile a aimsíodh le linn iniúchtaí.

An Chúis leis an gCur i gCrích	DSP	GS	Total
Saincheisteanna larimscrúdaithe/larfiosrúcháin arna gCur i gCrích	17	5	24*
Níl sé/sí Fostaithe a Thuilleadh	40	13	53
Ceadúnaithe	44	28	72
Ionchúiseamh Bainte Amach	4	0	4
Níor Cuireadh Tús leis an Ionchúiseamh	1	0	1
Ceadúnas arna Dhiúltú tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	1	0	1
Ceadúnas arna Mholadh tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	10	0	10
Diúltaíodh larratas ar Cheadúnas – Fógra Alt 39 arna Eisiúint	1	0	1
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnu	6	2	8
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe	1	4	12*
Comhairle arna hEisiúint	7	0	7
Rabhadh arna Eisiúint	11	13	24
Foláireamh arna Eisiúint	167	13	180
Iomardú arna Eisiúint	12	1	13
Fógra Foirmiúil arna Eisiúint don larratasóir	12	4	16
Níor leanadh ar aghaidh leis an nGearán faoi Alt 39	8	3	11
<b>Total</b>			437

\*Áirítear leis an bhfigiúr earnálacha eile nach raibh incheadúnaithe tráth an imscrúdaithe.

## Gníomhaíocht i leith Cliant

Is gné an-tábhachtach den obair forfheidhmithe sprioc a dhéanamh de chliaint. Bhí an chumhacht chun cliant de chuid soláthróir neamhcheadúnaithe seirbhís slándála a ionchúiseamh mar cheann de na huirlisí ab éifeachtaí chun comhlíonadh ceanglais

cheadúnaithe a chinntíú. I rith 2011, rinneadh úinéir club oíche a ionchúiseamh mar gheall ar dhuine aonair neamhcheadúnaithe a fhostú.

B'ann do líon suntasach cásanna ónar theastaigh obair mhionsonraithe imscrúdaithe ar an gconraitheoir agus a gclaint. I líon cásanna, rinneadh gach cliant a rianú lena chinntíú gur chuir an cliant an conradh i gcrích agus gur aistríodh an conradh chuitg conraitheoir ceadúnaithe nó i roinnt cásanna, d'aistrigh an cliant an foireann slándála ina foireann intí.

### Cásanna Cliant arna gcur i gcrích de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích

An Chúis leis an gCur i gCrích	DSP	SGM	GS	IA	CIT	Total
Saincheisteanna larimscrúdaithe/larfiosrúcháin arna gCur i gCrích	18	0	7	27	1	53
Bhí an Conraitheoir a úsáideadh Cuimsithe ag Ordú Díolúine	0	0	0	1	0	1
Níltear ag Oibriú a Thuilleadh	9	0	1	3	0	13
Ionchúiseamh Bainte Amach	1	0	0	0	0	1
Níor Cuireadh Tús leis an Ionchúiseamh	0	0	0	8	0	8
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú	7	1	3	144	0	155
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe	4	0	3	121	2	131*
<b>Total</b>						<b>362</b>

\*Áirítear leis an bhfigíúr earnálacha eile nach raibh incheadúnaithe tráth imscrúdaithe

### Gearán fhoirmiúla i leith ceadúnaithe

Fuair an PSA 24 gearán foirmiúil i leith ceadúnaithe, bhí 15 díobh i leith daoine aonair. Déileáladh leis an uile chás faoi Alt 39 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 agus i gcomhréir leis na Rialacháin Slándála Príobháidí (Nósanna Imeachta Gearáin), 2006. B'ionann líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus 17 agus áirítear i measc na dtorthaí: 4 chás nár glacadh aon ghníomhaíocht i leith an cheadúnaithe; i gcás amháin níor sáraíodh an reachtaíocht; níor leanadh ar aghaidh agus imscrúdú iomlán a dhéanamh i 11 chás, mar gheall nár mhian leis na gearánaithe leanúint ar aghaidh níos mó leis an ngearán; i gcás amháin, níorbh ann do dhóthain fianaise le leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú.

## Ionchúisimh

Achoimre atá sa mhéid a leanas ar chásanna ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid aturnaetha agus ar éisteadh leo sa Chúirt in 2011:

### Achoimre ar Chásanna Ionchúisimh

	Total	GS	DSP	Suiteálaí Aláram
Lín na gcásanna arna gcur ar aghaidh lena n-ionchúiseamh	6	0	2	4
Lín na gcásanna a sháraigh Alt 37 den Acht (arna oibriú gan cheadúnas)	5	0	1	4
Lín na gcásanna a sháraigh Alt 38 den Acht (duine neamhcheadúnaithe arna fhostú)	1	0	1	0
Lín na gcásanna ionchúisimh ar éisteadh leo sa Chúirt	11*	3	6	2
Lín na gcásanna rathúla ionchúisimh (Tábla B)	10	3	6	1
Lín na gcásanna neamhrathúla ionchúisimh (Tábla C)	1	0	0	1

\* Cuireadh 9 gcás ar aghaidh roimh 2011

Thug Rannán Forfheidhmithe an PSA 11 chás chun na cúirte in 2011 agus d'éirigh leo deich n-ionchúiseamh a dhéanamh, bhí 6 cinn díobh seo san earnáil Doirseoirí (áitreabh ceadúnaithe) agus áiríodh leis seo ceathrar daoine aonair.

Anuas air sin, rinneadh úinéir club oíche a ionchúiseamh mar gheall ar dhuine aonair neamhcheadúnaithe a fhostú. I gcás eile, eisíodh Barántas Binse do ghabháil conraitheoir amháin garda slándála (statach) a rinneadh a chiontú ina dhiaidh sin agus ordaíodh dó nach mór €32,000 i bhFíneálacha agus i gCostais a íoc.

Rinneadh fíneálacha €38,200 agus Costais €34,800 ar an iomlán a dhámhachtain i gcásanna ionchúisimh ar chuir an PSA túis leo. Tá líon cásanna eile á réiteach ag Iníúchóirí an PSA lena n-ionchúiseamh, agus tiocfaidh siad os comhair na Cúirte i rith 2012.

## Liosta na gcuideachtaí a rinne an PSA a ionchúiseamh go rathúil in 2011

Uimh.	Ainm	Seoladh	Earnáil agus an tAlt den Acht a sáraíodh	Dáta an ionchúisi mh	Fíneáil	Costais
1	Colm Power Duine Aonair	40 Páirc an Ruán Mhóir Cathair Phort Láirge	<b>DSP A 37</b>	14/1/11	€100	€634
2	Noel Marsh ag trádáil mar Lynx Alarms	Woodstock An Seanbhóthar Dún Samhnaí Contae na Mí	<b>Suiteálaí Alt 37</b>	1/2/11	€5,400	€5,734
3	Newdex Ltd ag trádáil mar Sleeptight Security	6 Ardán Naomh Aignéas Cromghlinn Baile Átha Cliath 12	<b>GS Alt 37</b>	7/2/11	€5,550	€7,400
4	Paul Cronin Duine Aonair	24 Garrán Hophill Tulach Mhór Contae Uíbh Fhaillí	<b>DSP A 37</b>	4/3/11	€800	<b>Costais ar bith</b>
5	Ivan Maxwell ag trádáil mar Max Security Services	Crosa Caoil Ceanannas Contae na Mí	<b>GS Alt 37</b>	11/3/11	€12,500 arna laghdú go dtí €2,500 ar aghomharc	€4,908
6	Nicholas Kavanagh Duine Aonair	62 Garrán na Coille Port Laoise Contae Laoise	<b>DSP A 37</b>	15/4/11	D'fheidhmigh an Breitheamh an tAcht Promhaidh	€605
7	Séamus Guinan Duine Aonair	6 Glenavon Row An Féar Bán Contae Uíbh Fhaillí	<b>DSP A 37</b>	27/4/11	€100	€2,535
8	Noel Fitzpatrick ag trádáil mar Oaklawn etc	7 Bóthar Cymric An Rinn Baile Átha Cliath 4	<b>GS Alt 37</b>	18/5/11	€22,500	€9,484
9	Thomas Conlon Ltd Úinéir club oíche	Club oíche Q Sráid Gheata Bhaile Átha Cliath Baile Átha Luain Contae na hIarmhí	<b>DSP Alt 38</b>	22/6/11	€250	€2,500
10	Richard McNicholas	Cor an Dola Eanach Dhúin Contae na Gaillimhe	<b>DSP Alt 37</b>	6/12/2011	€1,000	€1,000

**Earnálacha a sáraíodh:** Gardáil Slándála = 3; Suiteálaí = 1; Doirseoir = 6

## Cásanna neamhrathúla

1	Enda Molloy ag trádáil mar Central Security Systems	Suiteálaí
---	---	-----------

### **Idirchaidreamh Údaráis Slándála Príobháidí le Gníomhaireachtaí Stáit**

Chuir an Rannán Forfheidhmithe struchtúr i dtoll a chéile chun idirchaidreamh agus comhairliúchán a dhéanamh ar shaincheisteanna le gníomhaireachtaí eile Stáit d'fonn ár gcomhfhreagrachtaí a chomhlíonadh. Tugadh faoi obair i bpáirtíocht agus le cúnamh ó na Gardaí, na Coimisinéirí loncaim agus an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA).

Thit idirchaidreamh amach leis na Gardaí ar líon leibhéal. Maidir leis na hearnálacha DSP agus GS, chuir siad cúnamh ar fáil maidir le cásanna áirithe agus ar uairibh, chuaigh siad i bhfochair Imscrúdaitheoirí an PSA le linn imscrúduithe oíche. Bhí comhdháil speisialta ar bun ag Ionad Oiliúna an Gharda sa Teampall Mór i Samhain 2011 chun an t-eolas is déanaí a thabhairt do Ghardaí sinsearacha ó gach rannán faoi obair an PSA agus leagadh plean amach chun cur leis an gcomhoibriú reatha.

I rith 2011, d'úsáid an Rannán Forfheidhmithe an Meabhrán Tuisceana a cuireadh i bhfeidhm leis na Coimisinéirí loncaim chun fainnéis a fháil maidir le comhlíonadh cánach conraitheoirí. D'iarr an PSA ar fhainnéis i 104 cás i gcomparáid le 88 cás in 2010 agus sholáthair siad fainnéis ar iarraidh sin ag na Coimisinéirí loncaim i 7 gcás, ar laghdú seo ar na 22 iarratas a fuarthas ó na Coimisinéirí loncaim in 2010. B'uirlis áisiúil an malartú fainnéise seo maidir le measúnú ionlán a dhéanamh ar chásanna áirithe.

Leanann idirchaidreamh ar bun le NERA ar shaincheisteanna ginearálta. Ina theannta sin, thug NERA fainnéis don PSA maidir le himpleachtaí chinneadh na Cúirte ar ERO.

Ina theannta sin, i rith 2011, d'úsáid an PSA an bealach foirmiúil chun rochtain a fháil ar shonraí Chlárlann na Talún agus d'úsáid siad seirbhís an Údaráis Chlárúcháin Maoine chun sonraí a fháil.

### **Teicneolaíocht Faisnéise**

Leanann an Córás Bainistíochta Forfheidhmithe Cás bheith mar an bpríomhuirilis chun fainnéis a rianú, chun cásanna a nascadh agus chun tosaíocht a dhéanamh de chásanna. Cruthaíonn an córas seo tuarascálacha mionsonraithe staitistiúla.

## **Sprioc 3: Caighdeán a ardú laistigh den Tionscal**

### **Forbhreathnú**

I dtaobh ceadúnú conraitheoirí a chuireann seirbhísí slándála ar fáil, ní mór don chonraitheoir iarratas a dhéanamh ar cheadúnas go gcloífidh siad leis na caighdeáin a cheanglaíonn an tÚdarás.

Go ginearálta tá dhá shaghas caighdeán ann:

1. Caighdeán Chórais Bhainistíochta Cáilíochta agus
2. Caighdeán Táirge/Theicniúla

Is é cuspóir na gcaighdeán bainistíochta cáilíochta caighdeáin ghinearálta bhainistíochta a shonrú le haghaidh seirbhísí slándála atá á gcur ar fáil i dtaobh bhainistíocht an tsoláthrára slándála, oiliúint foirne, nósanna imeachta earcaíochta, an cháipéisíocht tacaíochta agus conas a choimeádtar í mar aon le cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil don chliant. Sonraíonn caighdeáin táirge nó theicniúla ceanglais shonracha nó oibríochtúla don saghas ar leith slándála a chuirtear ar fáil.

### **Ginearálta**

In 2011, bhí an rannán ag iarraidh réiteach a dhéanamh do thabhairt isteach cheadúnú an PSA d'earnálacha eile faoi chuimisiú an Acharta um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. Rinneadh obair réitigh le haghaidh thabhairt isteach an cheadúnaithe maidir le slándáil leictreonach agus slándáil imeachtaí i gcrích nó cuireadh chun cinn go mór í agus is éard a eascróidh as seo ná tabhairt isteach cheadúnú na n-earnálacha seo in 2012.

### **Caighdeán**

#### **1. Earnálacha inar cuireadh túis le ceadúnú**

##### **Doirseoir agus Garda Slándála (Statach)**

Sainaithníodh an gá le caighdeán IS 999:2004 a nuashonrú in 2009. In 2011, lean an PSA ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara tionscail maidir le caighdeán athbhreithnithe a fhorbairt. Ag cur leis an obair lenar cuireadh túis in 2010, bhí an PSA ina gcathaoirleach ar líon cruinnithe a bhí ag grúpa ar ar leagadh an cúram chun caighdeán comhaontaithe agus nuashonraithe a

fhorbairt chun gníomhaíochtaí an dá earnála seo a chuimsiú. Mar aon leis an PSA, tá ionadaithe ó na heagraíochtaí a leanas sa ghrúpa:

- AN ISIA
- An NUSE
- SIPTU
- Soláthróirí Oiliúna
- Comhlachtaí Deimhnithe

Bhí cruinnithe ar bun i mBealtaine agus i Meitheamh 2011 i gceanncheathrú an PSA agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le caighdeán nuashonraithe a chur i dtoll a chéile agus a fhorbairt. Baineadh comhaontú amach ag an ngrúpa ar réimse leathan athruithe agus feabhsúchán ar ábhar an chaighdeáin. Tá cruinniú eile ar na bacáin le haghaidh tráth luath in 2012 a chuirfidh an chéim chomhairliúcháin réamhphoiblí an chaighdeáin i gconclúid. Leanfaidh breis obair forbartha isteach in 2012 agus tá sé beartaithe cáipéis a fhoilsiu idir lár agus deireadh 2012.

### **Suiteálaithe Aláram Ionraíd**

Tá Suiteálaithe Aláram Ionraíd faoi réir cheadúnú an PSA agus ní mór do chonraitheoirí san earnáil seo comhlíonadh IS EN 50130 (cuid 1 agus 7) mar chuid de na ceanglais cheadúnaithe a bhaint amach. I rith 2011, chuir an PSA i gcrích a n-anailís orthu siúd a dhéanann córais aláram ionraíd iad féin (agus nach bhfuil suiteálacha indeimhnithe córais aláram ionraíd acu), ar gníomhaíocht intheadúnaithe seo faoin Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. Réitíodh saincheisteanna maidir le comhlíonadh na gcaighdeán forordaithe a dheimhniú i rith na bliana. Réitíodh an cheist faoi conas an inniúlacht don chatagóir seo daoine a dheimhniú i leith caighdeán forordaithe nach gcuimsíonn na saincheisteanna go leordhóthanach lena mbaineann soláthróirí seirbhíse cothabháil-amháin nach bhfuil suiteálacha indeimhnithe acu trí shraith shonrach ceanglas a réiteach maidir le córais aláram ionraíd a chothabháil. Foilseofar na ceanglais siúd agus cuirfear iad sa limistéar poiblí go luath in 2012. Cuirfidh seo soiléireacht ar fáil i limistéar ina raibh roinnt mearbhaill go dtí seo.

Is é an toradh atá air seo gur cheart go mbeadh gach soláthróir seirbhíse a chuireann suiteáil, deisiú agus cothabháil córais aláram ionraíd ar fáil bheith ar chlár sealbhóirí ceadúnais an Údarás. Amhail gach gníomhaíocht intheadúnaithe, eascróidh ionchúiseamh agus ciontú féideartha coiriúil as seirbhís a sholáthar atá faoi chuimsiú shainchúram an PSA gan an ceadúnas cuí.

## **2. Earnálacha nár cuireadh tús le ceadúnú iontu go fóill**

### **CCTV**

Mar gheall ar chuínsí nach bhfuil aon smacht ag an PSA orthu, níorbh fhéidir ceadúnú na hearnála seo a thabhairt isteach in 2011. Rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, áfach, agus a chur ar aghaidh le breithniú breise a dhéanamh uirthi. Nuair a bheidh an próiseas riachtanach seo curtha i gcrích in 2012, tabharfaidh an tÚdarás ceadúnú suiteáil, cothabháil agus deisiú córais CCTV. Ionchorprófar socruthe isteach san lonstraim Reachtúil chuí le freastal orthu siúd ag a bhfuil ceadúnas cheana féin maidir le suiteáil, cothabháil agus deisiú córais aláraim ionraidh chun ligean dóibh a gcóras reatha iniúchta a shionchróiniú leis an gcóras iniúchta atá riachtanach mar gheall ar thabhairt isteach cheadúnú na gníomhaíochta seo.

### **Rialú Rochtana**

I rith 2011, chuir an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilgħnēitheach) soiléireacht reachtúil ar fáil maidir le ceadúnú na gníomhaíochta seo. Dá réir sin, baineadh an bac deiridh ar cheadúnú na gníomhaíochta seo agus tá tréanchoinne leis go dtarlóidh tabhairt isteach cheadúnú suiteáil, deisiú agus cothabháil Córais Rialaithe Rochtana in 2012. Déanfar cinneadh faoi mhéid na gcaighdeán a bheidh le forordú go luath in 2012 agus cruthóidh seo cuid den bhonn do thabhairt isteach foirmiúil cheadúnú na gníomhaíochta seo trí reachtaíocht thánaisteach.

### **Slándáil Imeachtaí**

Cuireadh deireadh le comhairliúchán le hionadaithe an tionscail in 2011, agus d'éascaigh seo dréachtú lonstraime Reachtúla (I.R.) chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do cheadúnú conraitheoirí agus daoine aonair araon a oibríonn san earnáil seo. Cuireadh an I.R. seo faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte lena breithniú. Tá sé beartaithe go mbeidh caighdeán leasaithe i bhfeidhm óna dteastóidh comhlíonadh deimhnithe ar mhaithe le cuspóirí ceadúnaithe nuair a thugtar ceadúnú isteach in 2012. Faoin struchtúr beartaithe a bheidh i gceist maidir leis an ngníomhaíocht seo do cheadúnú an PSA, cuirfear i gcrích cáipéisí coimhdeacha agus treoracha, nach bhfuil ach luathchéim dhréachtaithe bainte amach acu faoi láthair, sa chéad leath de 2012 agus beidh fáil ag an bpobal orthu láithreach a luaithe a chuirtear i gcrích iad.

## **Ceadúnú Fostaithe Airgead faoi Bhealach**

Cuirfear tús le ceadúnú an chohóirt seo d'fhostaithe in 2012. Cuireadh i gcrích dréachtú na reachtaíochta riachtanach tánaistí chun éifeacht a thabhairt dó seo agus tá sí le fógaire go fóill. I dtéarmaí ginearálta, ní bhainfidh an ceadúnú seo le roinnt foirne oibríochtúla ar leith san earnáil. Fógróidh an PSA tosú ceadúnaithe ag tús 2012.

Tá ceanglas ann chun dámhachtain ag a bhfuil creidiúnú náisiúnta a fhorbairt do na daoine aonair siúd atá le ceadúnú san earnáil seo. Dhréachtaigh an PSA cáipéis um shonraíocht oiliúna a chuirfear faoi bhráid an údaráis ábhartha tríd an nGrúpa um Fhorbairt Caighdeáin lena breithniú, comhairliúchán agus lena breisfhorbairt.

## **Earnálacha Eile**

Níl na caighdeáin ag na hearnálacha faoi láthair atá le ceadúnú go fóill i gcéimeanna breise chlár ceadúnaithe an PSA agus teastaíonn go leor obair forbartha a dhéanamh orthu sula gcuirfear tús le ceadúnú. Leanfaidh an PSA le scrúdú agus le meastóireacht a dhéanamh ar a mbeartais amhail a bhainfidh siad le coinníollacha lena mbaineann teidlíocht i leith cheadúnais an PSA. Amhail a thugtar níos mó ceadúnas laistigh den cheadúnú, breithneoidh an PSA, i gcomhthéacs acmhainní atá laghdaithe dúinn féin agus dóibh siúd a rialaímid, agus an gá lenár n-acmhainní laghdaithe a úsáid ar bhealach níos cruthaithí, ar scóip, cineál agus infheidhmeacht na gcaighdeán a chuireann an bonn faoi cheadúnú. Beidh seo ach cuid amháin de mheastóireacht fabhráithe ár mbeartas agus ár bpróiseas ar fud na heagraíochta.

## **Oiliúint**

I rith 2011, lean an Rannán ag cur le claochlú an tionscail slándála príobháidí trí phlé leanúnach le páirtithe leasmhara tionscail, soláthróirí oiliúna agus FETAC chun breis forbartha a dhéanamh ar chreatlach cálíochtaí le haghaidh daoine a oibríonn laistigh den tionscal.

## **Comhaitheantas Cálíochtaí lasachta**

Tá an Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint (Treoir 2005/36/CE, arna leasú ag 2006/100/CE) a chorprú i ndlí na hÉireann in 2008 agus tá sí dírithe ar shoghluaiseacht a éascú laistigh den Aontas Eorpach. Sainmhíníonn an Treoir sraith rialacha a ligean do ghairmithe a bhain cálíochtaí amach i mBallstát amháin a ngairm a fheidhmiú i mBallstát eile. Comhdhlútháíonn an Treoir na rialacha a leagtar amach i 15 Threoir roimhe seo ó na 1960idí i leith.

Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí, mar an Údarás Inniúil sannta do thionscal slándála príobháidí na hÉireann, freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar na cálíochtaí a baineadh

amach lasmuigh de stát na hÉireann, a thagann faoi scóip na Treorach, lena dheimhniú cibé acu an sásáíonn nó nach sásáíonn na cálíochtaí seo na híosriachtanais oiliúna le haghaidh teidlíocht cheadúnais sna hearnálacha a cheadúnaítear faoi láthair sa Stát.

Sa chás gur sainaithníodh easnaimh sa chálíocht a baineadh amach nó a bronnadh i mBallstát eile, a mbeadh tionchar diúltach aige ar scil agus ar inniúlacht an duine aonair chun tabhairt faoi na dualgais a theastaíonn, ordóidh an t-údarás inniúil, amhail a cheanglaítear faoin Treoir, go dtabharfaidh an duine a bhfuil an chálíocht faoina s(h)eilbh, faoi mheasúnú nó faoi thréimhse oiriúnaithe chun dul i ngleic leis na heasnaimh san fhoghlaim.

Déanfaidh tabhairt isteach an cheadúnaithe in earnálacha eile breis forbartha ar an réimse cálíochta a gceanglófar ar an PSA athbhreithniú a dhéanamh orthu faoin Treoir. D'fhreagair an tÚdarás i scríbhinn ar 19 bhfiosrúchán ar aitheantas cálíochtaí iasachta as ar eascraig 3 iarratas fhoirmiúla. Rinneadh na 3 iarratas a chur i gcrích.

### **An Treoir um Chálíochtaí Gairmiúla a Nuachóiriú**

I Márt 2010, chuir an Coimisiún túis le measúnú ar Threoir 2005/36/CE an AE. In Eanáir 2011, seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar conas is fearr an Treoir um chálíochtaí gairmiúla a nuachóiriú. Rinneadh Páipéar Glas a scaipeadh ar gach údarás inniúil lena n-athbhreithniú, le plé a dhéanamh air agus le cur leis. Bhí an próiseas comhairliúcháin seo oscailte idir an 22 Meitheamh agus an 20 Meán Fómhair 2011. D'fhreagair an PSA ar na tograí a áiríodh sa Pháipéar Glas tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, arb í an Roinn seo an pointe sannta teagmhála in Éirinn. Cuirfidh an obair chomhairliúcháin le réiteach an togra reachtúil ar nuachóiriú na Treorach faoi dheireadh 2011.

### **Clár na Mac Léinn a thugann faoi Thaithí Oibre i nGníomhaíocht Rialaithe**

I rith 2011, lean an rannán le clár mac léinn a choimeád a chuir socrúchán oibre nó modúl taithí oibre i gcrích mar chuid dá staidéir shlándála.

Coimeádtar an clár faoi na treoirínte a fhoilsíonn an PSA a leag amach na coinníollacha faoinar féidir tabhairt faoi shocrúchán oibre nó faoi thaithí oibre gan é bheith ina cheanglas dlíthiúil ceadúnas ábhartha PSA a bheith i do sheilbh.

### **Grúpa Forbartha Caighdeánaí**

Ghlac an tÚdarás Slándála Príobháidí, mar bhall den Ghrúpa Forbartha Caighdeánaí, páirt in aistriú Miondámhachtainí FETAC Leibhéal 4 arna bhforordú ag an Údarás mar an gcaighdeán

íosta oiliúna a theastaíonn ar mhaithe le cuspóirí ceadúnaithe do Chórás Coitianta Dámhachtana arna fhorbairt ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Bhí na dámhachtainí feabhsaithe gníomhach i Márta 2011.

### **Dámhachtainí Coibhéiseacha Oiliúint Slándála na hÉireann**

Forordaíonn Rialachán Ceadúnú agus Cáilíochtaí Slándála Príobháidí, 2006 dhá Mhiondámhachtain FETAC Leibhéal 4 nó a gcoibhéis mar an gcaighdeán íosta oiliúna ar mhaithe le hincháilitheacht do cheadúnas sna hearnálacha aonair atá ceadúnaithe cheana féin. Chuir an PSA athbhreithnithe coibhéise i gcrích a dheimhnigh coibhéis dámhachtainí eile slándála Éireannacha leo siúd atá forordaithe sa reachtaíocht. Foilseofar liosta de na dámhachtainí seo in 2012.

### **Soláthróirí agus Cláir Chreidiúnaithe Oiliúna**

Lean an PSA le liosta de sholáthróirí um oiliúint slándála atá creidiúnaithe ag FETAC mar aon le liosta de chláir a chuireann siad ar fáil ar a láithreán gréasáin.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2012**

Beidh torthaí le sonrú in 2012 ar iarrachtaí a rinneadh in 2011. Rachaidh roinnt gníomhaíochtaí nach bhfuil incheadúnaithe faoi láthair ar aghaidh chun a bheith ceadúnaithe in 2012. Sa mhullach air sin, ní bheidh drochthionchar ag atheagrú struchtúr inmheánach an Fheidhmeannaigh ar an obair leanúnach faoinar tugadh go dtí seo agus sinn ag iarraidh an réimse gníomhaíochtaí atá ceadúnaithe ag an Údarás a fhairsingiú.

Forbróidh an tÚdarás rialacha thart ar an oiliúint a theastaíonn ar mhaithe le cuspóirí ceadúnaithe do dhaoine aonair atá fostaithe san Earnáil Slándála Imeachtaí agus Leictreonaí. Cuirfidh seo tacaíocht ar fáil do thabhairt isteach ceadúnú aonair sna hearnálacha seo.

In 2011, lean an PSA ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara tionscail maidir le caighdeán nuashonraithe a fhorbairt i dtaca leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear faoi IS 999:2004. Ag cur leis an obair a tosaíodh in 2010, bhí an PSA ina gcathaoirleach ar líon cruinnithe ar ar leagadh an cúram chun caighdeán comhaontaithe agus nuashonraithe a fhorbairt sa llimistéar seo. Le linn an phróisis athbhreithnithe, comhaontaíodh go mbeadh an PSA i gceannas agus ina gcathaoirleach ar fhichoiste a bheadh freagrach as breithniú, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar gach saincheist lena mbaineann na gníomhaíochtaí a chuimsítear i gcaighdeán 2004. Beidh an tÚdarás Slándála Príobháidí faoi stiúir an fhichoiste seo.

## **Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht na Cumarsáide**

Le linn 2011, bhí béim ar leith ag an PSA ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht ár gcumarsáide lenár bpáirtithe leasmhara, a gclaint agus an pobal mór. Baineadh seo amach trí roinnt cainéil éagsúla chumarsáide a shainainthint agus trí gach ceann a úsáid i gcomhthráth. D'eascair úsáid ní ba mhó a bhaint as na meáin leictreonacha seachas béim a bheith ar fhógraíocht tráchtála, amhail a bheadh i gceist roimhe seo, as cosc buiséadach. Ina theannta sin, chuir seo ar ár gcumas againn cumarsáid níos spriocdhírithe agus níos dírithe a dhéanamh ná mar a dhéanfaimís le fógraíocht ghinearálta.

### **Ríomhphost agus Ríomhiris an PSA**

Is bealach an-éifeachtach í Ríomhiris an PSA, *PSA Watch*, chun an grúpa is fairsinge daoine a chur ar an eolas faoi phríomhimeachtaí, nuashonruithe tábhachtacha agus faoi staitisticí tábhachtacha ar bhealach tráthúil agus costéifeachtúil. In 2011, d'eisíomar 5 nuachtlitir ríomhiriise, bhí 3 cinn díobh dírithe ar chonraitheoirí agus ar dhaoine eile ag a bhfuil suim i ngnóthaí an PSA, agus ba nós nua dúinn 2 ríomhiris a eisiúint d'fhostaithe go sonrach. Cuimsíodh réimse fairsing ábhar le linn na bliana, lena n-áirítear forbairtí ar oiliúint agus ar chaighdeáin agus táillí ceadúnais tar éis achtú na reachtaíochta a leasaíonn an tAcht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Ina theannta sin, cuireadh nuashonruithe ar fáil ar na hoibríochtaí éagsúla forfheidhmithe faoinar tugadh, mar aon le sonraí faoi ionchúisimh i leith iad siúd a sháraigh ár rialacháin.

Chabhraigh an córas scanta, a tugadh isteach in 2010 don PSA seoltaí ríomhphoist a bhailíú ó fhoirmearcha iarratais aonair. Ó tugadh isteach é, bailíodh nach mór 13,000 seoladh ríomhphoist. Mar aon le ligeann dúinn ríomhirisí sonracha a dhíriú ar chonraitheoirí nó daoine aonair, lig seo dúinn, freisin, cumarsáid chuí a dhíriú ar ghrúpaí spriocdhírithe daoine aonair. Áiríodh leis an gcumarsáid sin, meabhrúcháin do shealbhóirí ceadúnais i leith éag a gceadúnais agus nota ar a thábhachtaí atá sé sinn a chur ar an eolas faoi athruithe seolta. Is meán coitianta teagmhála ár ríomhphost tiomnaithe, [licensing@psa.gov.ie](mailto:licensing@psa.gov.ie) do dhaoine aonair agus do chonraitheoirí araon.

### **Teachtaireachtaí téacs**

Is uirlis chumarsáide ar a bhfuil síorbhorradh ag teacht úsáid teachtaireachtaí téacs ar fud réimse earnálacha. Tugann sé rochtain dhíreach ar gach duine aonair agus tá an chuma air go raibh sé an-rathúil maidir le freagraí meara a fháil ó fhaigtheoirí. In 2011, d'úsáid an rannán ceadúnaithe é chun teachtaireachtaí a sheoladh do dhaoine aonair a raibh a gceadúnais dlite

le dul in éag agus chun dul i dteagmháil le hiarratasóirí sa chás go raibh deacrachtaí acu lena n-iarratas. Ina theannta sin, ligeann sé do dhaoine aonair iarratas a dhéanamh ar a bhfoirm iarratais a athnuachan trí theachtaireacht téacs a sheoladh chuig an PSA. Is limistéar cumarsáide atá ann atá sinn ag iarraidh a fhorbairt agus a fhairsingiú.

## Láithreán Gréasáin

Leanann láithreán gréasáin an Údaráis bheith mar chainéal tábhachtach cumarsáide. Tá ar an gclib cheadúnaithe ar ár láithreán gréasáin an fhasnéis cheadúnaithe is déanaí agus tugadh 5,267 cuairt ar an leathanach anuraidh agus rinneadh breis agus 4,300 foirm iarratais a íoslódáil ón láithreán gréasáin. Ina theannta sin, cuireann an láithreán gréasáin fasinéis chothrom le dáta ar fáil ar gach gné eile de ghníomhaíocht an PSA, lena n-áirítear earraí nuachta le déanaí agus nuashonruithe oiliúna agus caighdeán. Rinneadh béim a chur ar an áis tuairiscithe ar líne cheana féin mar fhoinsí thábhachtach fasinéise le haghaidh forfheidhmiú oibríochtaí sa mhéid go bhfuil sé ar fáil ar bhonn 24/7 don tionscal agus do bhaill an phobail araon.

## Cláir Cheadúnas

Cuimsítear ar láithreán gréasáin an Údaráis clár de gach sealbhóir conraitheora agus ceadúnas aonair agus déantar iad a nuashonrú ar bhonn rialta. Is uirlis thábhachtach iad na cláir don tionscal agus don phobal araon. Tugadh 49,883 cuairt ar na cláir in 2011, arbh ionann seo agus 2010 nuair a cuireadh 49,569 cuairt i dtuaifead. Is é clár na sealbhóirí ceadúnais aonair an clár ar a dtugtar an líon is mó cuairteanna (17,506 cuairt) tar éis conraitheoirí Suiteálaí (Aláraim Ionraidh) (10,719).

## Cuairteanna ar Chlár na Sealbhóirí Ceadúnais in 2011

Clár	Cuairteanna
Sealbhóirí Ceadúnais Aonair	17,506
Conraitheoirí Suiteálaí (Aláraim Ionraidh)	10,716
Sealbhóirí Ceadúnas Conraitheora (Gach Earnáil)	7,519
Conraitheoirí Garda Slándála (Statach)	6,471
Conraitheoirí Doirseora (Áitreabh Ceadúnaithe)	4,387
Conraitheoirí Garda Slándála (Ionad Monatóireachta)	2,512
Conraitheoirí Airgead faoi Bhealach	772
<b>Cuairteanna Iomlána</b>	<b>49,883</b>

## **Guthán**

Agus feabhas suntasach tagtha ar na hamanna próiseála agus fáil ar mheáin eile chumarsáide, díbríodh go mór mhór na deacrachtaí a bhíodh ann i mblianta roimhe seo agus rochtain á fáil ar an PSA ar an nguthán. Leanfaimid ar aghaidh, sa bliaín amach romhainn chun monatóireacht rialta a dhéanamh ar an gcóras.

## **Na Meáin**

Amhail blianta roimhe seo, d'fhoilsigh an tÚdarás ailt spéise in irisí éagsúla trádála. Thug seo an deis dúinn sprioc a dhéanamh de lucht leanta níos fairsinge le linn na bliana. Cruthaíodh líon preaseisiúintí inar leagadh béis ar obair ár n-aonaid forfheidhmithe agus eisíodh iad don phreas náisiúnta agus cúigeach araon. Bhí an dealramh air go raibh úsáid preaseisiúintí áitiúil an-éifeachtach maidir le torthaí a fhoilsiú go tapa do phobail áitiúla. Sa chás go raibh oibríochtaí athleantacha forfheidhmithe i gceist, thug na leibhéal mhéadaithe chomhlíonta le fios go raibh lámh chúnta á tabhairt ag na foilseacháin áitiúla chun ár dteachtaireacht a chur in iúl.

## **An Post**

Cé go spreagtar agus go gcuirtear bealaí eile cumarsáide chun cinn ar fud an Údaráis, is í an tseirbhís phoist ár bpriomh-mhodh chun déileáil leis an iomaí litir a eisíonn an tÚdarás.

D'eisigh an tAonad Ceadúnaithe Conraitheora 2,124 mír phoist le linn na bliana, ar laghdú 10% seo ar 2010. Chuir an tAonad Ceadúnú Aonair 23,747 mír sa phost chuig daoine in 2011, ar laghdú seo anuas ó 29,284 in 2010, ar laghdú 19% seo. Mar gheall ar úsáid mhéadaithe ríomhphoist agus cainéil chumarsáide téacsanna agus próiseáil níos éifeachtaí iarratas atá an laghdú ar phost agus laghdaíonn seo an gá le dul i dteagháil le hiarratasóirí. Is éacht suntasach seo, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil ceadúnaithe aonair tar éis na leibhéal is airde a bhaint amach. Chun na figíúirí a chur i gcomhthéacs, is ionann anois méid an phoist agus an tríú cuid a bhíodh siad ag a mbuaicphointe in 2008. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí chun ár gcostais phoist a laghdú trí mheáin eile chumarsáide a úsáid.

## **Suirbhé ar Chonraitheoirí**

Thug an tAonad Ceadúnaithe Conraitheoirí faoi shuirbhé ar chonraitheoirí Garda Slándála (Statach) i bhFeabhra 2011 d'fhonn an líon gardaí slándála a dheimhniú a bhí fostaithe an 25 Eanáir 2011 (Seachtain ÍMAT 4). Tugadh faoin suirbhé trí ríomhphost agus eisíodh líon beag

ríomhphost do na conraitheoirí siúd nach mbíonn teagháil ríomhphoist againn leo. Eisíodh 234 suirbhé ar an iomlán agus fuarthas freagraí ar ais ó 43 conraitheoir (18%).

### Anailís ar Shuirbhé ar Chonraitheoirí

Suirbhéanna arna nEisiúint	234
Freagraí arna bhFáil	43
Freagraí a léiríonn <u>Méadú</u> ar Líonta Fostaithe i gcomparáid leis an bhFoirm Iarratais Dheiridh	18
Freagraí a léiríonn <u>Laghdú</u> ar Líonta Fostaithe i gcomparáid leis an bhFoirm Iarratais Dheiridh	17
Freagraí a léiríonn <u>Athrú ar Bith</u> ar Líonta Fostaithe i gcomparáid leis an bhFoirm Iarratais Deiridh	8
Líon lomlán na bhFostaithe sa Suirbhé	2,796
Líon lomlán na bhFostaithe ar Fhoirmeacha Iarratais	2,561
An Difríocht idir Líonta Fostaithe	+235

### Cruinnithe Tréimhsíúla le Páirtithe Leasmhara

Thionóil an PSA roinnt fóram agus grúpaí in 2011 ar a raibh siad ina gcathaoirleach. Ina measc seo bhí cruinnithe le comhlachtaí deimhnithe d'fhoinn saincheisteanna a bhain leo araon a phlé i dtaca le caighdeáin agus le deimhniú comhlíonta. Anuas air sin, chas an PSA le hionadaithe tionscail ón earnáil slándála leictreonaí, mar aon le hionadaithe agus páirtithe leasmhara tionscail maidir le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán IS 999:2004.

## **Sprioc 5: Ár bhFoireann a Fhorbairt**

### **Athstruchtúrú Corparáideach**

Leanann ár bhfoireann bheith mar ár sócmhainn is luachmhara. In 2011, rinneamar athbhreithniú ar thaithí ár bhfoirne d'fhoínt timpeallacht a chruthú ina bhfeadfaimis tacú leis an acmhainn ríthábhachtach seo, í a spreagadh agus a fhorbairt agus tabhairt faoinár gcroí-shainchúram rialacháin i gcomhthráth.

D'aithin an t-athbhreithniú saineolas agus taithí ár bhfoirne, ar tarraingíodh an chuid ba mhó díobh ó Oifigí agus ó Ranna eile Rialtais a rinne an t-eolas agus an taithí seo a chorprú agus rialachán á chur i bhfeidhm le 6 bliana anuas. Ina theannta sin, thugamar faoi athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre laistigh den eagraíocht d'fhoínt seirbhísí níos éifeachtúla a sheachadadh agus taithí ár bhfoirne a uasmhéadú.

Mar thoradh air seo, tá athstruchtúrú á bheartú ag an Údarás ina gcomhnascfar an tAonad Ceadúnaithe Conraitheora leis na hAonaid Forfheidhmithe agus leis an Aonad Caighdeán ó Nollaig 2011. Comhnascfar an tAonad Ceadúnaithe Aonair leis an Aonad Oiliúna agus cuirfidh Gnóthaí Corparáideacha laghdaithe seirbhísí tacaíochta ar fáil. Ar an mbealach seo, féadfaidh an tÚdarás díriú go comhuaineach ar cheadúnú conraitheora agus aonair.

### **Athshannadh Foirne**

Ar aon dul leis an athstruchtúrú seo, rinneadh sraith aistrithe foirne a shainaithint chun an taithí seo a úsáid agus freisin chun dúshlán a chur roimh an bhfoireann a dtáithí a úsáid ar bhealaí éagsúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla.

Tá an t-atheagrú beartaithe ar bhonn céimnithe le linn 2011 agus 2012. Rinneadh líon aistrithe foirne ag deireadh 2011 agus tarlóidh breis aistrithe sa chéad ráithe de 2012. Tá anois ról nua le foghlaim, oiliúint nua le tabhairt fúithi agus caidreamh nua le forbairt.

## **Breisoideachas**

Spreagtar an fhoireann chun tabhairt faoi oideachas breise. Tacóidh an PSA leis an bhfoireann seo trí na táillí a pháirtíoc agus freisin trí shaoire staidéir a cheadú. Thug beirt foirne an Dioplóma i Staidéir Dlí chun críche in 2011. Tá giondar croí orainn go bhfuil ball foirne ag tabhairt faoi staidéir ar leibhéal clár Céime agus spreagaimid do dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh. Tá coinne leis go ndéanfaidh baill eile foirne an cinneadh chun fáil a bheith ar na deiseanna seo amach anseo.

## **Oiliúint Oibríochtúil**

Chuir an Garda Síochána Oiliúint Speisialaithe d'fhoireann Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe maidir le haithint cáipéisí bréagacha. Baineann ríthábhacht leis an oiliúint seo, agus aird ar an líon iarratas a phróiseáil an tÚdarás ar bhonn bliantúil agus ar na cumhactaí atá ag imscrúdaitheoirí chun cártaí aitheantaí a imscrídú nuair a bhítear ag tabhairt faoi imscrúduithe.

## **Sprioc 6: An modh chun comhlíonadh caighdeáin cheadúnaithe a chruthú a athbhreithniú**

Thug an PSA faoi mhórathbhreithniú ar an modh a chruthaítéar comhlíonadh le caighdeán cheadúnaithe le linn na bliana agus dhírigh siad go háirithe ar chineál an chaidrimh idir iad agus comhlachtaí tráchtala deimhnithe. Forbraíodh roinnt roghanna agus rinneadh iad a chostáil ó pheirspictíocht chliaint tionscail agus ó pheirspictíocht mhaoirsithe an PSA. Is é an toradh atá ar an athbhreithniú seo go bhfuil an caidreamh idir an PSA agus comhlachtaí tráchtala deimhnithe le leagan ar bhonn níos foirmiúla agus go mbeidh baint mhaoirsithe níos mó ag an PSA.

Teastaíonn struchtúr nua chun foras a chur faoin socrú nua seo. Is éard a bhaineann leis seo téarmaí agus coinníollacha tacaíochta a fhorbairt, mar aon le cáipéisíocht choimhdeach tacaíochta. Bhí seo mar ghné thiomána na hoibre faoinar tugadh in 2011 ina leith seo. Thug an PSA faoi obair shuntasach forbartha i limistéar beartais agus forbairt riarracháin córais athstruchtúrtha deimhniú comhlíonta ó pheirspictíocht cheadúnaithe. Ag leanúint ón obair seo agus ó chomhairliúchán fairsing le gach comhlacht deimhnithe, cuirfidh an struchtúr níos foirmiúla feidhm níos rannpháirtí ar fáil don Údarás i ndeimhniú cálíochta iniúchtaí comhlíonta ceadúnas-bhainteacha an PSA.

Tá sé beartaithe go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích in 2012. Tá sé mar aidhm ag an athshainiú seo éifeachtúlacht na gné sin den phróiseas ceadúnaithe a mhéadú, costais chomhlíonta a laghdú ar shealbhóirí ceadúnaise sa chás gur féidir agus chun caidreamh níos foirmiúla a thabhairt isteach inar féidir leis an PSA agus le comhlachtaí deimhnithe leanúint agus an caidreamh éifeachtach a chur chun cinn a bhí i gceist go dtí seo.

Mar an gcéad chéim sa phróiseas seo, chuir comhlachtaí deimhnithe túis le faisnéis a chur ar fáil don PSA sa chás go dtagann siad ar chás iolrach neamhchomhlíonta le linn iniúchta. Cé go bhféadfaí na saincheisteanna seo a réiteach chun shásamh na gcomhlachtaí tráchtala deimhnithe a chumasaíonn eisiúint ceadúnaise, cuireann an PSA san áireamh ina bpróifílíú foriomlán den tionscal gur theip ar chuideachta cheadúnaithe a gcaighdeáin a bhaint amach.

Cuireann torthaí iniúchta a chorprú isteach i bpróifíl riosca an PSA le hobair níos fairsinge an PSA maidir le próifíl riosca a chruthú den tionscal a tharraingíonn cheana féin óna n-iniúchtaí féin, faisnéis ó na Coimisinéirí Ioncaim, faisnéis ad hoc atá á cur faoi bhráid na gComhlachtaí Deimhnithe agus faisnéis ó fhoinsí eile. Ag leanúint ar aghaidh, cuirfidh an tsamhail riosca ar

chumas an PSA sprioc a dhéanamh de chuideachtaí ag a bhfuil droch-chaighdeáin le breis iniúchtaí agus déanfaidh sí iniúchtaí an PSA ar chonraitheoirí ceadúnaithe comhlíontacha a íoslaghcdú mura laghdaíonn sí iad. Laghdóidh seo na costais atá le híoc ag soláthróirí comhlíontacha mar gheall nach mbeidh orthu acmhainní a leithdháileadh d'iniúchadh an PSA.



## Mír 3:

Ár dTuarascáil Airgeadais

**Ráitis Airgeadais**

**An tÚdarás Slándála Príobháidí**

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

# **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

## **RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011**

### **ÁBHAIR**

### **LEATHANACH**

Ráiteas Fhreagrachtaí Bhail an Údaráis	2
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	3 - 4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6
Clár Comhardaithe	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9 – 13

Leathanach 1

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN ÚDARÁIS**

Ceanglaíonn Sceideal 1(4) den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 ar an Údarás chun ráitis airgeadais a réiteach i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar ag aon am le cruinneas réasúnta suíomh airgeadais an Údaráis, agus a chuireann ar a gcumas cinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 6 den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as ráthaíocht a gcuid sócmhainní agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh do chosc agus d'aimsiú caimiléireachta agus mírialtachtaí eile.

Chief Executive:



Date: 25 Oct 2012

Chairperson:



Date: 25 Oct 2012

Leathanach 2

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS**

Ar son an Údaráis Slándála Príobháidí, aithnímid, leis seo, ár bhfreagracht lena chinntiú go bhfuil córas oríuúnach rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oríuúnach do thosca an Údaráis, ag cur san áireamh a mhéid, a leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus nádúr na n-oibríochtaí. Ní sholáthraíonn na córais dearbhráthaíocht i dtaca le hearráid ábhartha, áfach, agus ní féidir leo sin a dhéanamh.

Ghlac an PSA Cód nua Rialachais ina n-ionchorpraítéar treoirlínte na Roinne Airgeadais sa limistéar seo. Cuireadh Cód an PSA faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.

Faigheann Bord an Údaráis tuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a thugann cuntas mionsonraithe ar chaiteachas a thaifeadtar ar bhonn míosúil in éineacht le hioncam. Déanann an Bord seo a athbhreithniú ag gach cruinniú.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann siad le chéile ag eatraimh rialta le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an bhainistíocht fheidhmeannach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás dóibh chun éifeacht a thabhairt do bheartas agus do chinntí an Údaráis.

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS**

Ullmhaíodh agus cuireadh i bhfeidhm lámhleabhar gnáthaimh mionsonraithe. Tá ioncam faoi réir imréiteach ioimlán agus nuair is féidir sin roinntear dualgais foirne go cuí, ag cur san áireamh na rioscaí a bhaineann leo agus an líon beag foirne. Tá na gnáthaimh shonracha seo a leanas i bhfeidhm le rialú éifeachtach airgeadais a sholáthar:

16. Tá gnáthaimh fhoirmeálta i bhfeidhm do cheannach gach earra agus gach seirbhíse, d'fhaomhadh sonrasc i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus údarú i dtaca le hearraí agus seirbhísí. Treisíodh gnáthaimh sa chomhthéacs seo ó am go ham agus cuireadh i bhfeidhm na moltáí sin a d'eascair as iniúchtaí inmheánacha.
17. Ullmhaítear cuntas agus buiséid mhíosúla ar fud na bliana. Ar bhonn ráithiúil, déantar athbhreithniú ar chuntas bhainistíochta ag Bord an Údarás Feidhmíonn an tÚdarás córas ríomhairithe cuntasaíochta, atá in ann raon leathan eolais airgeadais agus chuntasaíochta a sholáthar.
18. Ullmhaítear buiséid i dtaca le gach bliain agus ullmhaítear ráitis mhíosúla ioncaim agus chaiteachais le comparáid a éascú le figiúirí buiséadta.
19. Tá gnáthaimh rialaithe airgeadais an Údarás faoi réir athbhreithniú ag rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chríochnaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh inmheánach ar an PSA in 2011, a chuir deimhniú dearfach ar fáil maidir leis an Oifigeach Cuntas aíochta agus don PSA maidir le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais fhiorímláin rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm.
20. Rinneadh an straitéis bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht uirthi trí Chláir Bainistíochta Riosca. Déantar athbhreithniú ar an gClár mar bhuancheist ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.
21. Tá ag an Údarás Coiste Iniúchta, a dhéanann athbhreithniú ar obair iniúchta inmheánaigh agus ar an litir bhainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an bhfreagairt bhainistíochta. Casann siad le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (in éagmais bainistíochta, nuair is gá) chun plé a dhéanamh ar thoradh an iniúchta sheachtraigh.

Dearbhaím gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Chief Executive:  Date: 25/10/2012  
Chairperson:  Date: 25 Oct 2012

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

#### **BONN NA CUNTASAÍOCHTA**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a dhearbháitear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Glacann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta leis na Caighdeáin Tuairiscithe, de réir mar a bhíonn siad oibríochtúil.

#### **IONCAM**

Tugtar tuairisc ar ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ar ioncam táille ceadúnais ar bhonn an airgid a fuarthas. Cé go n-eisítear ceadúnais do thréimhse a shíneann níos faide ná 12 mhí, áirítear ioncam ó tháillí sa bhliain ina bhfaightear an t-airgead.

#### **CAITEACHAS**

Próiseállann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais caiteachas, lena n-áirítear an párolla, agus déantar é a thaifeadadh sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid.

#### **SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS**

Léirítear sócmhainní seasta ar costas, nó ar luach measta margaidh, lúide dímheas carntha.

Dímheastar sócmhainní seasta ar bhonn líne dhíreach thar a saolré mheasta úsáide ag tosú sa mhí a chuirtear an tsócmhainn chun seirbhíse.

Troscán	10%
Trealamh Oifige	20%
Trealamh TF	20%


Nóta: Rinneadh an ráta dímheasa le haghaidh Trealamh TF a choigeartú in 2011 ó 33.3% go dtí 20% le comhfhreagairt don ráta a d'úsáid an Roinn Dlí agus Cirt.

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011

		2011	2010
	Nótaí	€	€
<b>IONCAM</b>			
Deontas an Oireachtas	<b>1</b>	<b>2,040,688</b>	2,152,506
Táillí Ceadúnais	<b>2</b>	<b>2,234,519</b>	2,739,903
		<b>4,275,207</b>	4,892,409
Aistriú ó Cuntas Caipitil	<b>6</b>	<b><u>84,668</u></b>	<b><u>13,003</u></b>
		<b>4,359,875</b>	<b>4,905,412</b>
<b>CAITEACHAS</b>			
Costais Foirne	<b>3</b>	<b>1,656,734</b>	1,657,311
Riarachán	<b>4</b>	<b><u>453,348</u></b>	<b><u>546,624</u></b>
		<b><u>2,110,082</u></b>	<b><u>2,203,935</u></b>
Glanioncam		<b><u>2,249,793</u></b>	2,701,477
Ranníocaíocht leis an Státhiste		<b><u>2,207,337</u></b>	<b><u>2,666,000</u></b>
<b>Barrachas don tréimhse</b>		<b>42,456</b>	35,477
<b>Barrachas a tugadh ann</b>		<b>107,434</b>	<b>71,957</b>
<b>Barrachas amhail an 31 Nollaig</b>		<b><u>149,890</u></b>	<b><u>107,434</u></b>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.



Chief Executive: *[Signature]* Date: 25 Oct 2012

Chairperson: *[Signature]* Date: 25 Oct 2012

# AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL 31 NOLLAIG 2011

		2011	2010
Nótaí	€	€	€
<b>SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE</b>			
Sócmhainní Seasta	<b>5</b>	<b>46,126</b>	37,527
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	8,483	13,996	
An Banc agus Airgead	<b>154,819</b>	128,012	
Stoc	<b>5,350</b>	<b>6,848</b>	
		<b>168,652</b>	148,856
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhraithe	<b>18,762</b>	<b>41,422</b>	
		<b>18,762</b>	<b>41,422</b>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
		<b>149,890</b>	<b>107,434</b>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>			
		<b>196,016</b>	<b>144,961</b>
<b>DLITEANAIS FHADTÉARMACHA</b>			
Cuntas Caipitil	<b>6</b>	<b>46,126</b>	37,527
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<b>149,890</b>	<b>107,434</b>
		<b>196,016</b>	<b>144,961</b>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Chief Executive:



Date: 25/10/2012

Chairperson:



Date: 25 Oct 2012

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011

Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí glanairgead insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	2011	2010
	€	€
Barrachas oibriúcháin don tréimhse	<b>42,456</b>	35,477
Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe	<b>84,854</b>	15,612
Caillteanas ar Dhiúscrait Sócmhainní Seasta	<b>237</b>	-
Aistriú (ón) gCuntas Caipitil	<b>(84,668)</b>	(13,003)
Laghdú ar Stoc	<b>1,498</b>	236
Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus ar Réamhíocaíochtaí	<b>5,513</b>	24,167
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe	<b>(22,660)</b>	<b><u>11,369</u></b>

Glaninsreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<b>27,230</b>	73,858
--	---------------	--------

#### Glanchaiteachas Caipitil

Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	<b>(423)</b>	(635)
Méadú/(laghdú) ar airgead	<b>26,807</b>	73,223
	=====	=====

### RÉITEACH GLANSREABHADH AIRGID GO DTÍ GLUAISEACHT I NGLANCHISTÍ(GLANFHIAHAS)

	2011	2010
	€	€
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	<b>128,012</b>	54,789
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	<b>154,819</b>	<b>128,012</b>
Méadú/(laghdú) ar Airgead	<b>26,807</b>	73,223
	=====	=====

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótáí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Chief Executive Date: 25/10/2012

Chairperson Date: 26 Oct 2012

# AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011

	<b>2011</b> €	<b>2010</b> €
<b>5. DEONTAS AN OIREACHTAIS</b> Vóta 19 – Dlí agus Comhionannas	<b>2,040,688</b>	2,152,506

## 6. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Córas dhá bhliain atá i gceist leis an gcóras ceadúnaithe ina mbíonn tromlach mór na gconraitheoirí dlite lena n-athnuachan i mbliain 1 agus ina mbíonn tromlach mór na ndaoine aonair dlite lena n-athnuachan i mbliain 2. Is mó líon na n-iarratasóirí aonair ach cruthaíonn siad ioncam níos lú ó tháillí ceadúnais. Bíonn ioncam an Údarás ó tháillí, ar an ábhar sin, athraitheach ar aon dul leis an gcóras ceadúnaithe.

Íoctar ioncam ó tháillí ceadúnais ar bhonn míosúil leis an Státhiste bunaithe ar shuimeanna a fhaigheann an tÚdarás sa mhí roimhe sin.

## 7. COSTAIS FOIRNE

Tuarastail agus páenna	<b>1,592,494</b>	1,584,826
Taisteal agus Cothabháil	<b><u>64,240</u></b>	<u>72,485</u>
	<b>1,656,734</b>	1,657,311

Bhí 37 Ball Foirne fostaithe ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2011 (2010:37).

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

	<b>2011</b>	<b>2010</b>
	€	€
<b>4. RIARACHÁN</b>		
Costais oifige	<b>61,406</b>	64,974
Seirbhísí comhairleoireachta	<b>24,289</b>	70,037
Táillí bhaill an Údaráis	<b>58,140</b>	58,140
Costais dlí	<b>83,772</b>	168,841
Costais Chumarsáide	<b>50,349</b>	63,468
Costais oliúna	<b>150</b>	250
Costais cheadúnaithe	<b>47,392</b>	78,045
Fógraíocht	<b>2,183</b>	2,360
Dímheas	<b>84,854</b>	15,612
Táille iniúchta	<b>6,225</b>	7,500
Eile	<b>4,350</b>	5,149
Táille chuntasaíochta	<b>4,613</b>	4,675
Deisiúcháin agus cothabháil	<b>25,388</b>	7,573
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	<b>237</b>	-
	<b>453,348</b>	546,624

Leathanach 10

# AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Troscán agus Feistis €	Trealamh TF €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
<b>COSTAS</b>				
Amhail an 1 Eanáir	48,455	572,070	52,887	673,412
Coigeartú	(41,001)	17,411	(8,931)	(32,521)
Breisiúcháin	-	423	-	423
Diúscairtí	-	(7,404)	-	(7,404)
<b>Amhail an 31 Nollaig</b>	<b>7,454</b>	<b>582,500</b>	<b>43,956</b>	<b>633,910</b>

## DÍMHEAS CARNTHA

Amhail an 1 Eanáir	22,326	567,392	46,167	635,885
Coigeartú	(19,546)	(91,937)	(14,305)	(125,788)
Diúscairtí	-	(7,167)	-	(7,167)
Athrú don tréimhse	745	79,099	5,010	84,854
<b>Amhail an 31 Nollaig</b>	<b>3,525</b>	<b>547,387</b>	<b>36,872</b>	<b>587,784</b>

## GLANLUACH LEABHAR

Amhail an 31 Nollaig	<b>3,929</b>	<b>35,113</b>	<b>7,084</b>	<b>46,126</b>
	=====	=====	=====	=====
Amhail an 1 Eanáir	<b>26,129</b>	<b>4,678</b>	<b>6,720</b>	<b>37,527</b>
	=====	=====	=====	=====

## NÓTA

Thug an tÚdarás faoi réiteach an uile shócmhainne faoina gcoimeád in 2011 i leith iad siúd ar a bhfuil taifead i gclár na sócmhainní sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Rinneadh na hiarmhéideanna tosaigh a choigeartú d'fhonn sócmhainní troscáin agus trealamh oifige a léiriú nár aistríodh chuit an Údarás tar éis dóibh bogadh go háitreachb nua in 2008 agus sainaithníodh sócmhainní a fágadh ar lár ó chlár an Údaráis. Anuas air sin, rinneadh an t-iarmhéid tosaigh le haghaidh dímheas trealamh TF a choigeartú mar gheall gur úsáid an tÚdarás ráta dímheasa 33.3% a rinneadh a leasú go dtí 20% d'fhonn bheith ar aon dul le ráta na Roinne.

# AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## 7. CUNTAS CAIPITIL

	2011	2010
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	37,527	50,530
Coigeartú <sup>1</sup>	93,267	-
Ceannaigh shócmhainne seasta	423	635
Diúscairt Sócmhainní Seasta	(7,404)	-
Amúchadh	(84,854)	(13,638)
Dímheas ar Diúscairtí	<u>7,167</u>	_____
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	<u>(84,668)</u>	<u>(13,003)</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>46,126</u>	<u>37,527</u>

<sup>1</sup> Léiríonn seo an coigeartú le haghaidh dímheasa €125,788 lúide an cóigeartú ar an iarmhéid tosaigh do chostas sócmhainní €32,521 amhail a léirítear i Nótá 5.

## 22. PINSIN

Rinneadh gach duine d'fhoireann an Údaráis a fháil ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Comhlíonfar dliteanais phinsin na fairne siúd i Vóta Aoisliúntais 7 agus ní dhearnadh aon soláthar sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais seo.

## 23. BORD ACHOMHAIRC NA SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDI

Bunaíodh Bord Achromhairc na Slándála Príobháidí chun éisteacht le hachomhairc i leith chinntí an Údaráis agus chun iad a dheimhniú. Is éard atá sa Bhord Achromhairc triúr ball agus Cathaoirleach. Ceapann an Rialtas an Bord Achromhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as na costais a thabhaíonn an Bord agus ní léirítear iad i ráitis airgeadais an Údaráis.

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **24. TOBHACH PINSIN**

Is iad costais tuarastail a áirítear sa chuntas seo na hollchostais a bhfuil ar an Údarás íoc astu don tréimhse. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn laghduithe ar an tobhach pinsin, i gcomhréir le hAlt 2(3) den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coimeádann siad iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin.

B'ionann seo agus (€90,220 in 2011) (2010: €90,748).

### **25. LEAS BHAILL AN ÚDARÁIS**

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirílíné a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag baill agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níor bhí aon idirbheartaíochtaí sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag baill.

### **26. NÓTA CÓIRÍOCHTA**

Oibríonn an tÚdarás ó chóiríocht ag Sráid an Dáibhise, Baile Thíobraid Árann, a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce.

### **27. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Is éard a bhí i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le haghaidh 2011, buntuarastal bliantúil €113,922 (2010: €114,098). Anuas air sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €7,754 maidir le costais taistil agus chothabhála in 2011 (2010: €10,924) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse. Ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochtbhunaithe in 2011.

### **28. TÁILLÍ NA STIÚRTHÓIRÍ**

Íocadh táillí €58,140 le baill den bhord maidir le 2011 (2010: €58,140). Íocadh costais taistil agus chothabhála €4,915 le baill den bhord maidir le 2011 (2010: €3,799) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse.

### **29. TÁILLÍ FORFHEIDHMITHE**

B'ionann táillí forfheidhmithe le haghaidh neamhchomhlíonadh rialacháin an Údaráis agus €9,837 in 2011 (2010: €14,723). Tá cuntas ar na táillí seo in ioncam ó tháillí ceadúnais.

### **30. FAOMHADH RÁITIS AIRGEADAIS**

D'fhaomh an tÚdarás na cuntais seo an

25/10/2012

Leathanach 13



# Aquisíní

## AGUISÍN 1

**Cairt Eagrúcháin don Údarás Slándála Príobháidí amhail an  
31/12/2001**

**Geraldine Larkin  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

<b>Gnóthaí Corparáideacha</b>	<b>Forfheidhmiú</b>	<b>Ceadúnú</b>	<b>Oiliúint agus Caighdeán</b>
-----------------------------------	---------------------	----------------	------------------------------------

<i>Seirbhísí Corparáideacha/ Caidreamh Poiblí/ Cóiríocht/ Riarachán/ Airgeadas</i>	<i>Forfheidhmiú/ Gearáin/ Fiosrúcháin/ Ionchúisimh</i>	<i>Ceadúnú Daoine Aonair agus Conraitheoirí</i>	<i>Taighde agus Forbairt Tionscadal le haghaidh Oiliúna agus Caighdeán</i>
--	--	---	--

Siobhán Carew	John O' Dwyer	Paul Scallan	Seamus Burke
Josephine Crowe	Jim McGlynn	Pat Gooley	Rosie Cunningham
Breda Burke	Jerry Cotter	Mary Davern	Jim O'Neill
Norah Lonergan	Patricia Quirke	Mary Rose Kinane	David McGuinness
Kathleen McGlynn	Margaret Donovan	Breda Ryan	
George O'Neill	Lynda O'Sullivan	Ann Lonergan	
	Kay McAuliffe	Liz Maher	
	Edward Gannon	Sandra Quirke	
	Joseph Reilly	Kathleen Ryan	
	Damien Travers	Bernie Ryan	
		Noreen Hogan	
		Anne Breheny	
		Nano Ryan	
		Mary Ryan	
		Maria Cagney	
		Eilish McCormack	

## AGUISÍN 2


### Cuimsiú/Gníomhaíocht Mheán an PSA

<b>Preaseisiúintí</b>	<b>66</b>
<b>Ailt sna nuachtáin náisiúnta</b>	<b>13</b>
<b>Ailt sna nuachtáin chuígeacha</b>	<b>17</b>
<b>Ailt in irisleabhair/irisí trádála</b>	<b>19</b>
<b>Agallaimh ar an raidió</b>	<b>5</b>
<b>Nuachlitreacha</b>	<b>5</b>
<b>Cur i láthair</b>	<b>2</b>

## AGUISÍN 3

### Staitisticí Láithreán Gréasáin

Eanáir	11,418
Feabhra	9,972
Márta	10,690
Aibreán	12,810
Bealtaine	10,944
Meitheamh	11,020
Iúil	9,894
Lúnasa	9,596
Meán Fómhair	9,876
Deireadh Fómhair	9,777
Samhain	11,756
Nollaig	8,502
<b>Iomlán</b>	<b>126,255</b>



## **AGUISÍN 4**

### **Foilséacháin an PSA**

PSA 16	Tuarascáil Bhliantúil 2008	Meán Fómhair 2010
PSA 17	Tuarascáil Bhliantúil 2009	Deireadh Fómhair 2011
PSA 18	Tuarascáil Bhliantúil 2010	Nollaig 2011

An 14 Eanáir 2011 An tOrdú Díolúine Slándála Príobháidí (Díolúine) do Shuiteálaithe, 2007

An 15 Aibreán 2011 An tOrdú Díolúine Slándála Príobháidí (Díolúine) do Shuiteálaithe, 2007

An 8 Iúil 2011 An tOrdú Díolúine Slándála Príobháidí (Díolúine) do Shuiteálaithe, 2007

An 12 Iúil 2011 An tOrdú Díolúine Slándála Príobháidí (Díolúine) do Shuiteálaithe, 2007

An 7 D.Fómhair An tOrdú Díolúine Slándála Príobháidí (Díolúine) do Shuiteálaithe, 2007

## **AGUISÍN 5**

### **Rialacháin an PSA**

**I.R. Uimh. 152 de 2011**

**Rialacháin Slándála Príobháidí (Táille Ceadúnais agus Chárta Aitheantais Dhúblaigh), 2011**

## **AGUISÍN 6**

### **Tuarascáil Fuinnimh**

#### **Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011**

In 2011, lean ola téimh agus leictreachas le haghaidh soilsiú agus úsáidí eile bheith mar fhoinsí na príomhúsáide fuinnimh san PSA. D'aistrigh an PSA chuig a bhfoirgneamh reatha in 2008 agus dearadh an foirgneamh i Sráid Dáibhise agus aird ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is iad na bolgáin solais a úsáidtear bolgáin atá cogilteach ar fhuinneamh agus tógadh agus suiteáladh Córas Bainistíochta Foirgneamh (BMS) atá níos éifeachtúla sular aistrigh an PSA san fhoirgneamh. Tá rátáil fuinnimh C2 mar fhianaise ar an méid seo atá os cionn an mheánrátála le haghaidh foirgneamh den saghas seo.

Lean an Fhoireann Fuinnimh le tionscnaimh choigilte fuinnimh a chomhlíonadh agus a thabhairt isteach in 2011 mar chuid den tionscnamh “Optimising Power @ Work” atá á réachtáil ag Oifig na nOibreacaha Poiblí i gcomhar le Aramark Ireland, a bhíodh Vector-FM roimhe seo.

Níl aon áis ag an PSA chun úsáid a bhaint as breoslaí in-athnuaithe.

#### **Gníomhartha faoinar tugadh in 2011**

Is éard atá san Fhoireann Fuinnimh an tOifigeach Fuinnimh agus triúr ball foirne eile. Casann an fhoireann ar a chéile gach coicíse le linn mhíonna an gheimhridh agus thug siad faoi líon tionscnamh ina mbeadh an fhoireann rannpháirteach i bhfuinneamh a shábháil ar fud an fhoirgnimh.

Is é cuspóir an PSA go fóill chun úsáid a laghdú d'fhigiúirí dúbailte i dtaobh céatadáin de. Beidh seo ina dhúshláin mór i bhfianaise na dea-rátála fuinnimh agus na n-ábhar cogilte fuinnimh a úsáideadh cheana féin san fhoirgneamh.

#### **Gníomhartha atá beartaithe le haghaidh 2012**

Leanfaidh an Fhoireann Fuinnimh le bealaí nua a aimsiú chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú in 2012 agus leanfaidh siad ag dlúthoibriú le hOifig na nOibreacaha Poiblí agus Aramark Ireland. Agus coinne againn leis nach mbeimid thíos le drochgormhridh 2010/2011, táimid muiníneach gur féidir coigiltí a bhaint amach.